

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

2 Nollaig 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### I *Gníomhartha reachtacha*

#### TREORACHA

- ★ **Treoir (AE) 2021/2118 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 lena leasaítear Treoir 2009/103/CE maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus maidir le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin <sup>(1)</sup>.....** 1

### II *Gníomhartha neamhreachtacha*

#### RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2119 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le taifid agus dearbhuithe áirithe a éilítear ar oibreoirí agus grúpaí oibreoirí agus maidir leis na modhanna teicniúla chun deimhnithe a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an deimhniú a eisiúint d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha .....** 24

#### CINNTÍ

- ★ **Cinneadh (AE) 2021/2120 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú .....** 28
- ★ **Cinneadh (AE) 2021/2121 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2020 maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna .....** 30

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021) ..... 42

## I

(Gníomhartha reachtacha)

## TREORACHA

## TREOIR (AE) 2021/2118 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Samhain 2021

**lena leasaítear Treoir 2009/103/CE maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfeithiclí, agus maidir le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá tábhacht ar leith ag baint le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfeithiclí (“mótarárachas”) do shaoránaigh na hEorpa, cibé acu is sealbhóirí polasaí iad nó daoine a d’fhéadfadh a bheith ina ndaoine díobhálaíthe mar thoradh ar thionóisc. Is mórábhar cúraim do ghnóthais árachais é freisin mar gur deighleog shuntasach den mhargadh árachais “neamhshaoil” san Aontas é. Chomh maith leis sin, bíonn tionchar suntasach ag mótarárachas ar shaorghluaiseacht daoine, earraí agus feithiclí agus, dá bhrí sin, ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ina phríomhchuspóir ag gníomhaíocht an Aontais i réimse na seirbhísí airgeadais an margadh inmheánach sa réimse sin a dhainníú agus a chomhdhlúthú.
- (2) In 2017, rinne an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, lena n-áirítear a héifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais. Ba é conclúid na meastóireachta go bhfeidhmíonn Treoir 2009/103/CE go maith ar an iomlán, agus ní gá í a leasú maidir le tromlach na ngnéithe. Mar sin féin, aithníodh ceithre réimse a mbeadh leasuithe spriocdhírthe iomchuí ina leith: cúiteamh do dhaoine díobhálaíthe mar thoradh ar thionóiscí i gcás ina bhfuil an gnóthas árachais lena mbaineann dócmhainneach, íosmhéideanna cumhdaigh árachais éigeantacha, seiceálacha árachais a dhéanann na Ballstáit ar fheithiclí, agus an úsáid a bhaineann gnóthas árachais nua as ráitis faoi stair na n-éileamh de chuid sealbhóirí polasaí. I dteannta na gceithre réimse sin, sainaitníodh na réimsí seo a leanas, eadhon feithiclí seolta, tionóiscí lena mbaineann leantóir arna tharraingt ag feithicil, uirlisí neamhspleácha comparáide praghsanna

<sup>(1)</sup> IO C 440, 6.12.2018, lch. 85.

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Samhain 2021.

<sup>(3)</sup> Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfeithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11).

mótarárachais, agus ionaid faisnéise agus faisnéis do dhaoine díobhálaíthe, mar réimsí a mbeadh leasuithe spriocdhírthe iomchuí ina leith. Thairis sin, ba cheart soiléireacht Threoir 2009/103/CE a fheabsú tríd an téarma “duine díobhálaíthe” nó “duine a ndearnadh díobháil dó nó di” a chur in ionad an téarma “íospartach”, a úsáidtear sa Treoir sin mar chomhchiall le “duine díobhálaíthe”, de réir mar is iomchuí, trí leasuithe iomchuí. Tá sé de chuspóir eisiach ag na leasuithe sin comhchuibhiú a dhéanamh ar an téarmaíocht a úsáidtear sa Treoir sin agus ní hionann iad agus athrú substainte.

- (3) Ó tháinig Treoir 2009/103/CE i bhfeidhm, tá go leor cineálacha nua feithiclí atá á gcumhachtú le mótar tagtha ar an margadh. Tá cuid acu á gcumhachtú le mótar leictreach amháin, agus tá cuid acu á gcumhachtú le trealamh cúnta. Ba cheart feithiclí den sórt sin a chur san áireamh agus an bhrí atá le “feithicil” á shainmhíniú. Ba cheart an sainmhíniú sin a bheith bunaithe ar shaintréithe ginearálta feithiclí den sórt sin, go háirithe a n-uasluas dearaidh agus a nglanmheáchain, agus ba cheart go bhforálfaí leis nach gcumhdaítear ach feithiclí a thiomáintear le cumhacht mheicniúil amháin. Ba cheart feidhm a bheith ag an sainmhíniú sin go neamhspleách ar an líon rothaí atá ag an bhfeithicil. Níor cheart cathaoireacha rothaí atá beartaithe lena n-úsáid ag daoine atá faoi mhíchumas fisiceach a chur san áireamh sa sainmhíniú.
- (4) Ba cheart feithiclí leictreacha éadroma nach dtagann faoin sainmhíniú ar “fheithicil” a eisiáimh ó raon feidhme Threoir 2009/103/CE. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh aon ní sa Treoir sin bac ar Bhallstáit, faoina ndlí náisiúnta, mótarárachas a éileamh, faoi réir coinníollacha a leagfaidh siad síos, i ndáil le haon mhótarthrealamh a úsáidtear ar thalamh nach dtagann faoin sainmhíniú ar “fheithicil” a leagtar síos sa Treoir sin, agus nach gceanglaítear, dá bhrí sin, leis an Treoir sin árachas den sórt sin a fháil ina leith. Níor cheart ach oiread go gcuirfeadh an Treoir sin bac ar na Ballstáit foráil a dhéanamh, ina ndlíthe náisiúnta, d’íospartaigh tionóiscí a tharlaíonn mar thoradh ar threalamh mótar eile rochtain a bheith acu ar chomhlacht cúitimh an Bhallstáit mar a chinntear i gCaibidil 4. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh freisin, i gcás ina ndéantar díobháil ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu ina gcóir i dtionóisc arb é mótarthrealamh eile den sórt sin is cúis léi i mBallstát eile nach n-éilíonn mótarárachas don mhótarthrealamh sin, go mbeidh rochtain ag na cónaitheoirí sin ar an gcomhlacht cúitimh mar a chinntear i gCaibidil 4 sa Bhallstát ina bhfuil siad ina gcónaí. Ba cheart an deis a bheith ag comhlachtaí cúitimh na mBallstát comhaontú frithpháirteach a dhéanamh faoi na bealaí ina gcomhoibreoidh siad i gcás den sórt sin.
- (5) I mbreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí, eadhon ina breithiúnais i gcásanna *Vnuk* <sup>(4)</sup>, *Rodrigues de Andrade* <sup>(5)</sup> agus *Torreiro* <sup>(6)</sup>, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais ciall an choincheapa “úsáid feithiclí”. Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais go háirithe go bhfuil mótarfeithiclí ceaptha lena n-úsáid mar mhodh taistil de ghnáth, beag beann ar thréithe na bhfeithiclí sin, agus go gcumhdaítear faoi úsáid na bhfeithiclí sin aon úsáid feithicle atá comhsheasmhach lena gnáthfheidhmiú mar mhodh taistil, beag beann ar an tír-raon ar a n-úsáidtear an mhótarfeithicil agus ar cé acu an bhfuil sí ina stad nó ag gluaiseacht. Níl feidhm ag Treoir 2009/103/CE más rud é, tráth na tionóisce, gurb í “úsáid seachas mar mhodh iompair” gnáthfheidhm feithicle den sórt sin. D’fhéadfadh an cas a bheith amhlaidh mura n-úsáidtear an feithicil de réir Airteagal 3, an chéad mhír, den Treoir sin, toisc gurb í an gnáthfheidhm atá aici, mar shampla, “úsáid mar fhoirse cumhachta tionsclaíche nó talmhaíochta”. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí léiriú a thabhairt ar an gcásdlí sin i dTreoir 2009/103/CE trí shainmhíniú ar “úsáid feithicle” a thabhairt isteach.
- (6) Tá roinnt mótarfeithiclí níos lú agus dá bhrí sin, is lú is dóichí go ndéanfaidís díobháil shuntasach phearsanta nó damáiste suntasach do mhaoín ná mótarfeithiclí eile. Bheadh sé díréireach agus ní bheadh sé in ann seasamh i bhfad na haimsire iad a áireamh i raon feidhme Threoir 2009/103/CE. Dá gcuirfí san áireamh iad, bhainfí an bonn de ghlacadh le feithiclí nua, amhail rothair leictreacha, nach dtiomáintear le cumhacht mheicniúil amháin, agus dhíspreagfaí nuálaíocht. Thairis sin, níl dóthain fianaise ann go bhféadfadh feithiclí níos lú den sórt sin a bheith ina gcúis le tionóiscí a mbeadh daoine díobhálaíthe mar thoradh orthu ar an scála céanna le feithiclí eile amhail gluaisistéin nó trucaíl. I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, níor cheart go gcumhdódh ceanglais ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, ach na feithiclí sin a shainmhíntear amhlaidh i dTreoir 2009/103/CE.

<sup>(4)</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Nollaig 2014, *Vnuk*, C-162/13, ECLI:EU:C:2014:2146.

<sup>(5)</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Samhain 2017, *Rodrigues de Andrade*, C-514/16, ECLI:EU:C:2017:908.

<sup>(6)</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Nollaig 2017, *Torreiro*, C-334/16, ECLI:EU:C:2017:1007.

- (7) Mar phrionsabal, le mótararachas, ba cheart go gcumhdófaí tionóiscí i ngach áit sna Ballstáit. Mar sin féin, tá forálacha ag Ballstáit áirithe lena rialaítear feithiclí a úsáidtear go heisiach i limistéir shonracha a bhfuil rochtain teoranta orthu. Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit sin maoluithe teoranta a dhéanamh ar Airteagal 3 de Threoir 2009/103/CE i ndáil le limistéir shrianta nár cheart do dhaoine neamhúdraithe dul isteach iontu, amhail limistéir a bhaineann go sonrach le suíomh agus limistéir ina bhfuil trealamh ag calafoirt agus ag aerfoirt. Aon Bhallstát a chinneann maoluithe den sórt sin a dhéanamh, ba cheart dó bearta iomchuí a dhéanamh freisin chun a áirithiú go n-íocfar cúiteamh i leith aon chailleanais nó díobhála arb iad feithicil den sórt sin is cúis leo.
- (8) Ba cheart freisin go bhféadfadh Ballstát gan mótararachas éigeantach a éileamh d'fheithiclí nach gceadaítear a úsáid ar bhóithre poiblí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit sin bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go n-íocfar cúiteamh i leith aon chailleanais nó díobhála arb iad feithicil den sórt sin is cúis leo, ach amháin i gcás ina gcinneann an Ballstát freisin maolú ar Airteagal 10 de Threoir 2009/103/CE i ndáil le cúiteamh i leith damáiste de dheasca feithicil den sórt sin i limistéir nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu de bharr sriain dhlíthiúil nó fhisiciúil ar rochtain ar na limistéir sin, mar a shainmhínítear lena dhlíthe náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag maolú den sórt sin ar Airteagal 10 maidir le feithicil ar chinn Ballstát maolú ar an oibleagáid árachais ina leith toisc nach gceadaítear na feithicil sin a úsáid ar bhóithre poiblí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, fiú más rud é go bhféadfadh an oibleagáid árachais do na feithicil sin tairbhe a bhaint as maolú eile freisin, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Threoir 2009/103/CE.
- (9) I mBallstáit áirithe, tá forálacha ann maidir le húsáid feithicil mar mhodh lena ndéantar díobháil phearsanta nó damáiste do mhaoín d'aon turas. I gcás inarb infheidhme, maidir leis na cionta is tromchúisí, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit leanúint dá gcleachtas dlí damáiste den sórt sin a eisiáil ó mhótararachas éigeantach nó méid an chúitimh árachais a íoctar leis na daoine díobháilithe a éileamh ar ais ó na daoine ba chúis leis an díobháil sin nó an damáiste sin. Mar sin féin, ionas nach ndéanfar an chosaint a thugtar le Treoir 2009/103/CE a laghdú, níor cheart cleachtais dlí den sórt sin a cheadú ach amháin má áirithíonn Ballstát i gcásanna den sórt sin go ndéantar na daoine díobháilithe a chúiteamh as an damáiste sin ar bhealach atá chomh gar agus is féidir don chaoi a gcúiteofaí iad faoi Threoir 2009/103/CE. Ach amháin má tá foráil déanta ag an mBallstát do shásra nó ráthaíocht um chúiteamh den sórt sin chun cúiteamh a áirithiú do dhaoine díobháilithe as damáiste den sórt sin ar bhealach atá chomh gar agus is féidir don chaoi a gcúiteofaí iad faoi Threoir 2009/103/CE, ba cheart damáiste den sórt sin a chumhdach i gcomhréir leis an Treoir sin.
- (10) Níor cheart do na Ballstáit Treoir 2009/103/CE a chur i bhfeidhm maidir le húsáid feithicil in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí mótaraspóirt, lena n-áirítear rásaí agus comórtais, chomh maith le hoiliúint, tástáil agus taispeántais lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le luas, iontaofacht nó scileanna, a cheadaítear i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Ba cheart gníomhaíochtaí díolmhaithe den sórt sin a dhéanamh i limistéir atá srianta agus sainithe ar bhealach a áirithíodh nach bhfuil an gnáththracht, daoine den phobal agus aon pháirtithe nach mbaineann leis an ngníomhaíocht in ann an bealach atá á úsáid a roinnt go hiarbhair nó go féideartha. Áirítear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin de ghnáth gníomhaíochtaí atá ar rianta nó ar bhealaí mótaraspóirt ainmnithe agus na limistéir gharchomhar-sanachta, amhail limistéir slándála, limistéir stoptha sloic agus garáistí, áiteanna ina bhfuil an baol tionóisce i bhfad níos airde i gcomparáid le gnáthbhóithre agus nár cheart do dhaoine neamhúdraithe dul isteach iontu.
- (11) Níor cheart feidhm a bheith ag díolúine den sórt sin maidir le himeachtaí agus gníomhaíochtaí mótaraspóirt ach amháin i gcás ina n-áirithíonn an Ballstát go bhfuil polasaí árachais nó ráthaíochta eile tógtha amach ag eagraí an imeachta nó na gníomhaíochta, nó ag aon pháirtí eile, lena gcumhdaítear an damáiste d'aon tríú páirtí, lena n-áirítear lucht féachana agus daoine eile ar an láthair, ach ní gá go mbeadh an damáiste do thiománaithe rannpháirteacha agus dá bhfeithicil cumhdaithe. Ach amháin má thógann na heagraithe nó páirtithe eile árachas nó polasaí ráthaíochta eile amach, mar choinníoll leis an díolúine sin, ba cheart an damáiste a bheith cumhdaithe, ach amháin, b'fhéidir, i gcás damáiste do na tiománaithe rannpháirteacha agus dá bhfeithicil, i gcomhréir le Treoir 2009/103/CE.
- (12) Ionas nach laghdófar an chosaint a thugtar le Treoir 2009/103/CE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí mótaraspóirt a cheadaítear i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus atá incháilithe don díolúine sin, go ndéantar na daoine díobháilithe a chúiteamh as damáiste den sórt sin ar bhealach atá chomh gar agus is féidir don chaoi a gcúiteofaí iad faoi Threoir 2009/103/CE.

- (13) Nuair atá feithiclí á monarú agus á n-iompar, níl feidhmeanna iompair acu agus ní mheastar iad a bheith in úsáid de réir bhrí Airteagal 3, an chéad mhír, de Threoir 2009/103/CE. Mar sin féin, má roghnaíonn Ballstát gan an ceanglas mótarárachas a bheith acu i ndáil le feithiclí den sórt sin a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 28(1) de Threoir 2009/103/CE, ba cheart árachas dliteanais ghnóthais a bheith ann chun an damáiste a d'fhéadfadh na feithiclí sin a bheith ina gcúis leis a chumhdach.
- (14) Faoi láthair, le dlíthe náisiúnta go leor Ballstát, déantar nasc idir an oibleagáid árachais agus úsáid feithicle de réir bhrí Airteagal 3, an chéad mhír, de Threoir 2009/103/CE. I mBallstát den sórt sin, ní cheadaítear feithicil a úsáid ach amháin nuair atá an feithicil cláraithe. Sonraítear i ndlíthe na mBallstát sin go bhfuil an feithicil le cumhdach ag mótarárachas le linn chlárú agus úsáid ghníomhach na feithicle de réir bhrí Airteagal 3, an chéad mhír, de Threoir 2009/103/CE. Dá bhrí sin, ní éilíonn na Ballstát sin cumhdach árachais d'úsáid feithicil atá díchláraithe go buan nó go sealadach toisc go bhfuil siad, mar shampla, i músaem, go bhfuil athchóiriú á dhéanamh orthu nó nár úsáideadh iad ar feadh tréimhse fhada ama ar chúis eile, amhail úsáid shéasúrach. Ní mór do na Ballstát sin bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go n-íocfar cúiteamh i gcomhréir leis an gcúiteamh atá ar fáil faoi Threoir 2009/103/CE i leith aon chailteanais nó díobhála a tharlaíonn ina gcríoch agus ar chríoch Bhallstát eile ag feithiclí mar a shainmhínítear iad sa Treoir sin agus a úsáidtear de réir bhrí Airteagal 3, an chéad mhír, den Treoir sin.
- (15) Faoi láthair, maidir le roinnt Ballstát nach ndéanann nasc idir an oibleagáid chun árachú i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfeithicle agus clárú feithicle, roghnaíonn siad gan mótarárachas éigeantach a éileamh d'feithicilí a tarraingíodh siar óna n-úsáid go foirmiúil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Áirítear ar shamplaí de tharraingt siar fhoirmiúil ó úsáid den sórt sin fógra a chur chuig an údarás inniúil nó chuig páirtithe ainmnithe eile a bhfuil feidhm an údaráis inniúil á comhlíonadh acu nó trí bhearta fisiceacha infhíoraithe eile a dhéanamh. Ní mór do na Ballstát sin bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go n-íocfar cúiteamh i gcomhréir leis an gcúiteamh atá ar fáil faoi Threoir 2009/103/CE i leith aon chailteanais nó díobhála a dhéanfaidh feithicilí den sórt sin ar a gcríoch agus ar chríoch na mBallstát eile.
- (16) Faoi láthair, tá Ballstát le staonadh ó sheiceálacha árachais a dhéanamh ar feithicilí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch Ballstát eile ná ar feithicilí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch trío tír atá ag teacht isteach ar a gcríoch ó chríoch Ballstát eile. Le forbairtí teicneolaíochta nua, amhail teicneolaíocht lena gceadaítear aitheanta uimhirphlátaí uathoibríoch, beifear in ann árachas feithicilí a sheiceáil gan iad a stopadh agus, dá réir sin, gan cur isteach ar shaorghluaiseacht daoine. Is iomchuí, dá bhrí sin, na seiceálacha sin maidir le hárachas feithicilí a cheadú, ach ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach, riachtanach agus comhréireach, gur cuid de chóras ginearálta seiceálacha sa chríoch náisiúnta iad, ar sheiceálacha iad sin a dhéantar freisin i ndáil le feithicilí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch an Bhallstáit a dhéanann na seiceálacha, agus nach gá an feithicil a stopadh.
- (17) Maidir leis na Ballstát sin a chinneann córas a chur ar bun lena bpróiseáiltear sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith roinnte le Ballstát eile ina dhiaidh sin, amhail sonraí ó theicneolaíocht aitheanta uimhirphlátaí, ní mór dóibh reachtaíocht a rith lena féidir sonraí pearsanta a phróiseáil chun an tiomáint neamhárachaithe a chomhrac agus, san am céanna, ní mór dóibh bearta iomchuí a bhunú chun cearta, saoirsí agus leasanna dliteanacha ábhar sonraí a choimirciú. Tá feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup> maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun an tiomáint neamhárachaithe a chomhrac. I reachtaíocht na mBallstát, ba cheart go háirithe an chríoch shonrach a shonrú, tagairt don bhunús dlí ábhartha, na ceanglais slándála ábhartha a chomhlíonadh agus na prionsabail maidir le riachtanas, comhréireacht agus "teorannú de réir cuspóra" a urramú, agus tréimhse coinneála sonraí chomhréireach a leagan síos. Lena chois sin, ba cheart na prionsabail maidir le "cosaint sonraí pearsanta trí dheardh" agus "cosaint sonraí pearsanta mar réamhshocrú" a chur i bhfeidhm i ngach córas próiseála sonraí a fhorbrófar agus a úsáidfead laistigh de chreat reachtaíochta na mBallstát.
- (18) I gcomhréir leis na prionsabail sin, níor cheart go gcoimeádfadh Ballstát sonraí pearsanta a phróiseáiltear go heisiach chun críche seiceáil árachais a láimhseáil ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a theastaíonn lena fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil cumhdach árachais bhailí ag feithicil. Nuair a fhaightear go bhfuil feithicil cumhdaithe, ba cheart na sonraí ar fad a bhaineann leis an bhfíorú sin a scríosadh. I gcás nach bhfuil córas fíoraithe

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

in ann a chinneadh an bhfuil feithicil árachaithe, níor cheart na sonraí sin a choimeád ach ar feadh tréimhse teoranta, nach faide ná líon na laethanta is gá chun a chinneadh an ann don chumhdach árachais. Maidir leis na feithicilí ar ina leith a fuarthas nach bhfuil siad cumhdaithe ag polasaí árachais bhailí, tá sé réasúnach a éileamh go gcoimeádfáí sonraí den chineál sin go dtí go mbeidh aon phróisis riaracháin nó bhreithiúnacha curtha i gcrích agus go dtí go mbeidh an fheithicil cumhdaithe ag polasaí árachais bhailí.

- (19) Le Treoir 2009/103/CE, leagtar síos faoi láthair dátaí tagartha éagsúla le haghaidh athríomh tréimhsiúil a dhéanamh ar na híosmhéideanna cumhdaigh i mBallstáit éagsúla, as a n-eascraíonn íosmhéideanna cumhdaigh éagsúla, ag brath ar an mBallstát. Chun íoschosaint chomhionann do dhaoine díobháilaithe ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart na híosmhéideanna sin a chomhchuibhiú, agus clásal athbhreithnithe aonfhoirmeach a thabhairt isteach, agus an t-innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí arna fhoilsiú ag Eurostat á úsáid mar thagarmharc, mar aon le rialacha nós imeachta lena rialaítear athbhreithniú den sórt sin agus lena leagtar amach tráthchlár aonfhoirmeach.
- (20) Chun cosaint éifeachtach agus éifeachtúil a thabhairt do dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh mar thoradh ar thionóiscí tráchta, ní mór do na daoine díobháilaithe sin a bheith i dteideal cúiteamh a éileamh ina mBallstáit chónaithe agus freagairt a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ama. Ceanglaítear leis freisin, i gcás ina bhfuil údar lena n-éilimh, go n-íoctar i gcónaí leis na daoine díobháilaithe sin na méideanna atá dlite as a ndíobháilacha pearsanta nó as aon damáiste dá maoin, is cuma má tá gnóthas árachais an pháirtí faoi dhliteanas sócmhainneach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit comhlacht a chur ar bun nó a údarú chun an cúiteamh tosaigh a sholáthar do dhaoine díobháilacha a chónaíonn laistigh dá gcríoch, agus ag a mbeidh an ceart an cúiteamh sin a aiséileamh ón gcomhlacht atá curtha ar bun nó údaraithe chun na críche céanna sin i mBallstát baile an ghnóthais árachais dhócmhainneach a d'eisigh an polasaí d'fheithicil an pháirtí faoi dhliteanas. I gcás ina bhfuil socrú cúitimh ag Ballstát cheana, ba cheart go mbeadh an Ballstát in ann cead a thabhairt leanúint leis.
- (21) D'fhéadfadh gnóthas árachais éirí dócmhainneach ar bhealaí éagsúla, mar shampla, tar éis é a bheith dearbhaithe ina fhéimheach, tar éis dó mainneachtain a oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a thréig sé a údarú ina Bhallstát baile nó tar éis dó a bheith faoi réir beart cúlghairme nó faoi réir cinnidh lena gcuirtear toirmeasc ar a ghníomhaíocht. Nuair a dhéantar ordú nó nuair a ghlactar cinneadh tús a chur leis na himeachtaí féimheachta nó foirceanta, ba cheart an t-ordú nó an cinneadh sin a phoibliú. Ba cheart don chomhlacht atá curtha ar bun nó údaraithe chun daoine díobháilaithe a chúiteamh i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais i mBallstát baile an ghnóthais árachais an t-ordú nó an cinneadh sin a chur in iúl do chomhlachtaí den sórt sin i ngach Ballstát eile.
- (22) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an comhlacht arna chur ar bun nó arna údarú chun daoine díobháilaithe a chúiteamh i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais sa Bhallstát a bhfuil cónaí ar an duine díobháilaithe, ar a chríoch inniúil ag gach céim den nós imeachta chun faisnéis a iarraidh ó chomhlachtaí, údaráis agus geallsealbhoirí ábhartha eile san Aontas, chun iad a chur ar an eolas agus bheith curtha ar an eolas acu agus chun dul i gcomhar leo. Ba cheart gur leor an fhaisnéis sin le go mbeidh an faighteoir in ann ar a laghad tuiscint ghinearálta a fháil ar an gcás. Tá an fhaisnéis sin tábhachtach chun a áirithiú go mbeidh an comhlacht a dhéanann an duine díobháilaithe a chúiteamh in ann, sula ndéantar an cúiteamh a íoc, a fháil amach, ina aonar nó in éineacht leis na páirtithe ábhartha uile de bhun na reachtaíochta náisiúnta, ar chúitigh an gnóthas árachais an t-éilitheoir cheana i ndáil lena éileamh nó lena héileamh. Féadfar fiú an t-éileamh a thíolactar don chomhlacht sin a aistriú chuig an ngnóthas árachais lena ghrinnscrúdú breise nó le haghaidh cinnidh, i gcás ina n-éilítear amhlaidh leis an dlí nós imeachta náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-iarraíodh an comhlacht faisnéis níos mionsonraithe faoi éilimh shonracha agus go bhfaighidh sé an fhaisnéis sin.
- (23) Ba cheart an córas aisíocaíochta a bheith gan dochar don dlí is infheidhme maidir le leibhéal chumhdaigh na ndaoine díobháilaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag na príonsabail chéanna maidir le héilimh beag beann ar cibé an bhfuil an gnóthas árachais sócmhainneach nó dócmhainneach. Ba cheart do chomhlacht Bhallstát baile an ghnóthais árachais a d'eisigh polasaí an pháirtí faoi dhliteanas an íocaíocht a dhéanamh le comhlacht an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an duine díobháilaithe laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis do chomhlacht Bhallstát baile an ghnóthais árachais éileamh ar athchúiteamh a fháil maidir le híocaíocht a rinne comhlacht Bhallstát cónaithe an duine díobháilaithe leis an duine díobháilaithe.

- (24) Ag brath ar na céimeanna éagsúla de láimhseáil éileamh, maidir le híocaíochtaí a dhéantar leis na daoine díobháilithe agus próisis aisíocaíochta i gcomhlachtaí éagsúla, d'fhéadfadh dliteanas a bheith gan íoc idir comhlachtaí arna gcur ar bun nó arna n-údarú chun daoine díobháilithe a chúiteamh i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais. Ba cheart an ceart seachaíochta a aistriú ón gcomhlacht a d'íoc cúiteamh le comhlacht an Bhallstáit eile an chéad uair de réir mar a théann aisíoc na gcomhlachtaí ar aghaidh. Dá bhrí sin, maidir leis an gcomhlacht, sa mhéid gur thug an comhlacht cúiteamh i leith an chailleanais nó na díobhála a tharla agus nár aisíocadh é go fóill, a sheachú chuig cearta an duine díobháilithe in aghaidh an duine ba chúis leis an tionóisc, nó in aghaidh a ghnóthais árachais nó a gnóthais árachais. Mar sin féin, níor cheart an comhlacht sin a sheachú chuig cearta an duine díobháilithe i gcoinne an tsealbhóra polasaí nó in aghaidh duine árachaithe eile ba chúis leis an tionóisc a mhéid a bheadh dliteanas an tsealbhóra polasaí nó an duine árachaithe cumhdaithe ag an ngnóthas árachais dócmhainneach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar gach Ballstát an tseachaíocht seo dá bhforáiltear ag aon Bhallstát eile a aithint.
- (25) Chun cosaint éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú do dhaoine díobháilithe i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais, ní mór do na Ballstáit socrúithe iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá chun daoine díobháilithe a chúiteamh ar fáil nuair a bheidh íocaíochtaí cúitimh dlite. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart do na Ballstáit baile na socrúithe sin a chinneadh ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart na socrúithe sin, áfach, a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais agus go háirithe leis na prionsabail sin amhail *lex specialis* agus *lex posterior*. Ionas nach gcuirfear ualach díréireach gan údar ar árachóirí, má éilíonn Ballstát ranníocaíochtaí airgeadais ó ghnóthais árachais, níor cheart na ranníocaíochtaí sin a bhailiú ach ó ghnóthais árachais arna n-údarú ag an mBallstát sin. Ba cheart go mbeadh sé sin gan dochar do chistiú aon fheidhmeanna eile a d'fhéadfaí a thabhairt do chomhlacht arna chur ar bun nó arna údarú chun daoine díobháilithe a chúiteamh i gcás dhócmhainneacht gnóthais árachais.
- (26) Chun a áirithiú go ndéanfar na ceanglais dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir le cúiteamh do dhaoine díobháilithe i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais a chur chun feidhme go héifeachtach, ba cheart do na comhlachtaí ar cuireadh an cúram sin orthu a ndícheall a dhéanamh chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir lena bhfeidhmeanna agus lena n-oibleagáidí agus leis na nósanna imeachta le haghaidh aisíocaíochta. Mura dtagtar ar chomhaontú den sórt sin laistigh de 24 mhí ón dáta a dtiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le cúraimí agus oibleagáidí nós imeachta na gcomhlachtaí sin a shonrú a mhéid a bhaineann le haisíocaíocht.
- (27) I gcás dócmhainneacht gnóthais árachais, ba cheart daoine díobháilithe a bheith i dteideal cúiteamh a éileamh ó chomhlacht ina mBallstát cónaithe, lena n-áirítear i gcás iad a bheith díobháilithe mar thoradh ar thionóiscí a tharla i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an fheidhm chun daoine díobháilithe den sórt sin a chúiteamh a shannadh do chomhlacht nua nó do chomhlacht atá ann cheana, lena n-áirítear don chomhlacht cúitimh arna chur ar bun nó arna fhormheas faoi Airteagal 24 de Threoir 2009/103/CE. I gcás dócmhainneacht gnóthais árachais, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann freisin cúraimí cúitimh maidir le daoine díobháilithe mar thoradh ar thionóiscí a tharla ina mBallstát cónaithe agus daoine díobháilithe mar thoradh ar thionóiscí a tharla i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe a shannadh do chomhlacht amháin. I gcás daoine a ndearnadh díobháil dóibh i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe, tá sé tábhachtach freisin malartú faisnéise agus comhar leis na comhlachtaí cúitimh arna mbunú nó arna bhformheas faoi Airteagal 24 de Threoir 2009/103/CE a áirithiú i ngach Ballstát agus le hionadaithe éilimh.
- (28) Tá na Ballstáit in ann níos mó ná comhlacht cúitimh amháin a chur ar bun nó a údarú faoi Threoir 2009/103/CE, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos deacra do dhaoine díobháilithe an comhlacht ar cheart dóibh a n-éilimh a chur isteach chuige a shaináithint. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a chuireann ar bun nó a údaraíonn níos mó ná comhlacht cúitimh amháin a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine díobháilithe ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir leis na bealaí féideartha chun cúiteamh a éileamh ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas an comhlacht ar cheart dóibh a n-éilimh a chur isteach chuige a shaináithint go héasca.
- (29) I gcás feithicle seolta, ba cheart go bhféadfadh an duine atá freagrach as cumhdach dliteanas tríú páirtí rogha a dhéanamh maidir le polasaí árachais a ghlacadh sa Bhallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe nó, ar feadh thréimhse 30 lá ón dáta a nglacfaidh an ceannaitheoir leis an seachadadh, sa Bhallstát cinn scríbe, fiú murar cláraíodh an fheithicil go foirmiúil sa Bhallstát cinn scríbe. Ba cheart go mbeadh lárionad faisnéise an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil cláraithe agus, i gcás nach ionann iad, an Bhallstáit is ceann scríbe, chomh maith le lárionad faisnéise aon



Bhallstáit ábhartha eile, amhail an Ballstát inar tharla tionóisc ar a chríoch, nó ina bhfuil cónaí ar dhuine díobhálaíthe, comhoibriú lena chéile chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá maidir leis an bhfeithicil seolta atá acu i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2009/103/CE ar fáil.

- (30) I gcás tionóiscí a bhaineann le leantóirí ar eisíodh árachas dliteanaís tríú páirtí ar leithligh ón bhfeithicil tarraingthe ina leith, ba cheart go mbeadh an duine díobhálaíthe in ann an t-éileamh a thabhairt i gcoinne árachóir an leantóra, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta. Arna iarraidh sin, ba cheart go mbeadh an duine díobhálaíthe in ann faisnéis a fháil ó árachóir an leantóra maidir le céannacht árachóir na feithicil tarraingthe nó i gcás nach bhfuil árachóir an leantóra in ann árachóir na feithicil tarraingthe a shainaithint, in ainneoin iarrachtaí réasúnta a dhéanamh, faisnéis maidir leis an sásra cúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Threoir 2009/103/CE.
- (31) Chun aithint stair na n-éileamh a éascú agus polasaí árachais nua á thabhairt i gcrích, ba cheart go mbeadh sé indéanta stair na n-éileamh roimhe sin de chuid sealbhóirí polasaí a fhíordheimhniú go héasca agus iad ag iarraidh conarthaí árachais nua a chur i gcrích le gnóthais árachais. Chun fíorú agus fíordheimhniú na ráiteas faoi stair na n-éileamh a éascú, tá sé tábhachtach go mbeidh a n-ábhar agus a bhformáid mar an gcéanna i ngach Ballstát. Sa bhreis air sin, maidir le gnóthais árachais a chuireann ráitis faoi stair na n-éileamh san áireamh chun préimheanna mótarárachais a chinneadh, níor cheart dóibh idirdhealú a dhéanamh ar bhonn náisiúntachta ná ar bhonn an Bhallstáit inár chónaigh an sealbhóir polasaí roimhe sin amháin. Thairis sin, ba cheart go gcaithfeadh gnóthais árachais le ráiteas faoi stair na n-éileamh ó Bhallstát eile mar ráiteas atá comhionann le ráiteas intíre faoi stair na n-éileamh agus ba cheart go ndéanfaidís aon lascainí a bheadh ar fáil do chliant baile atá comhionann seachas sin a chur i bhfeidhm maidir le cliant ó Bhallstát eile, lena n-áirítear na lascainí sin a éilítear le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit, amhail lascainí *bonus-malus*. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag Ballstáit reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh maidir leis na córais *bonus-malus*, ós rud é gur de chineál náisiúnta iad na córais sin, agus gan aon ghné thrasteorann, agus, dá bhrí sin, faoi phrionsabal na coimhdeachta, ba cheart gur faoi na Ballstáit a bheadh sé i gcónaí cinntí a dhéanamh ina leith. Chun a chur ar chumas na mBallstát a fhíorú an gcaitheann gnóthais árachais le ráitis faoi stair na n-éileamh agus conas a chaitheann siad leo, ba cheart do ghnóthais árachais forléargas ginearálta ar a bpolasaithe a fhoilsiú i ndáil le húsáid stair na n-éileamh agus préimheanna á ríomh acu. Gan dochar do Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>, ní cheanglaítear ar ghnóthais árachais faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhoilsiú, amhail mionsonraí faoi rialacha maidir le taraíff.
- (32) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/103/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le formáid agus ábhar an ráitis faoi stair na n-éileamh. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup>.
- (33) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann uirlisí a roghnú a chuireann ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir praghsanna, taraíff agus cumhdach idir soláthraithe mótarárachais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2009/103/CE. Má dheimhnítear go cuí iad, d'fhéadfaí uirlisí den sórt sin a ainmniú mar "uirlisí neamhspleácha comparáide praghsanna mótarárachais". Ba cheart Ballstáit a bheith in ann uirlisí poiblí comparáide praghsanna a bhunú freisin, agus iad á n-oibriú ag údarás poiblí.
- (34) Chun a áirithiú go láimhseálfar éilimh go rianúil nuair a cheanglaítear tuairisc ar thionóiscí faoin dlí náisiúnta lena n-áirithítear ceart an duine díobhálaíthe cóip den tuairisc ar thionóisc a fháil ó na húdaráis inniúla, tá sé tábhachtach rochtain a bheith ag an duine díobhálaíthe uirthi go tráthúil.
- (35) Chun a áirithiú nach ndéanfar íosmhéideanna cumhdaigh mótarárachais a chreimeadh le himeacht ama, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na híosmhéideanna a oiriúnú chun léiriú a thabhairt ar na dálaí athraitheacha eacnamaíocha.

<sup>(8)</sup> Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise neamhnocta agus faisnéis ghnó (rúin trádála) i gcoinne a n-éadála, úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (36) Ar ghlacadh gníomhartha tarmligthe faoi chumhachtuithe sa Treoir seo, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr <sup>(10)</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (37) Mar chuid den mheastóireacht ar fheidhmiú Threoir 2009/103/CE, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach sin, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh san am céanna: líon na ndaoine díobhálaíthe, méid na n-éileamh nár íocadh fós de bharr moilleanna ar íocaíochtaí de thoradh cásanna dócmhainneachta trasteorann, leibhéal na n-íosmhéideanna cumhdaigh sna Ballstáit, méid na n-éileamh de bharr na tiomána neamhárachaithe a bhaineann le trácht trasteorann agus líon na ngearán maidir le ráitis faoi stair na n-éileamh.
- (38) Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ina ndéanfar meastóireacht ar fheidhmiú na gcomhlachtaí cúitímh, agus ar an gcomhar eatarthu agus ar a gcistiú, ar comhlachtaí iad arna gcur ar bun agus arna n-údarú chun daoine díobhálaíthe a chúiteamh i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais. Más iomchuí, ba cheart togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.
- (39) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2009/103/CE dá chuspóir a chomhlíonadh, arb ionann é agus daoine díobhálaíthe féideartha a chosaint ar thionóiscí a bhfuil baint ag mótarfheithiclí leo, ba cheart don Choimisiún faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, lena n-áirítear an méadú atá tagtha ar úsáid feithiclí uathrialaitheacha agus leath-uathrialaitheacha. Ba cheart dó anailís a dhéanamh freisin ar an úsáid a bhaineann gnóthais árachais as córais ina mbíonn tionchar ag ráitis stair na n-éileamh ó na sealbhóirí polasaithe ar phréimheanna. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras malartaithe faisnéise a úsáidtear chun críche seiceálacha trasteorann ar árachas.
- (40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, go háirithe i dtaca le cosaint íosta chomhionann a áirithiú do dhaoine díobhálaíthe mar thoradh ar thionóiscí tráchta ar fud an Aontas, a gcosaint a áirithiú i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais agus a áirithiú go gcaithfidh árachóirí go cothrom le ráitis faoi stair na n-éileamh le haghaidh sealbhóirí polasaí féideartha a thrasnaíonn teorainneacha inmheánacha an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach, agus de bharr a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (41) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin <sup>(11)</sup>, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cúí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cúí le doiciméid den chineál sin a tharchur.
- (42) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/103/CE a leasú dá réir,

<sup>(10)</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

<sup>(11)</sup> IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2009/103/CE mar seo a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

“1. ciallaíonn ‘feithicil’:

(a) aon mhótarfeithicil a thiomáintear le cumhacht mheicniúil amháin ar talamh ach nach ritheann ar ráillí:

(i) ag a bhfuil uasluas dearaidh níos mó ná 25 km/h; nó

(ii) ag a bhfuil uas-ghlanmheáchan níos mó ná 25 kg agus uasluas dearaidh níos mó ná 14 km/h;

(b) aon leantóir atá le húsáid le feithicil dá dtagraítear i bpointe (a), bíodh sé cúpláilte nó díchúpláilte.

Gan dochar do phointe (a) agus pointe (b), ní mheastar gur feithicilí dá dtagraítear sa Treoir seo iad cathaoireacha rothaí atá ceaptha lena n-úsáid ag daoine atá faoi mhíchumas fisiceach go heisiach;”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“1a. ciallaíonn ‘úsáid feithicle’ aon úsáid a bhaintear as feithicil atá comhsheasmhach le feidhmiú na feithicle mar mhodh taistil tráth na tionóisce beag beann ar thréithe na feithicle agus beag beann ar an tír-raon ar a n-úsáidtear an mhótarfeithicil agus ar cé acu an bhfuil sí ina stad nó ag gluaiseacht;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

“2. ciallaíonn ‘duine díobháilthe’ agus ‘duine a ndearnadh díobháil dó nó di’ aon duine atá i dteideal cúitimh i leith aon chailleanais nó díobhála arb iad feithicilí is cúis leis nó léi;”;

(d) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“8. ciallaíonn ‘Ballstát baile’ ‘Ballstát baile’ mar a shainmhínítear é in Airteagal 13(8), pointe (a), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*).

(\*) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).”;

(2) leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Déanfaidh gach Ballstát, faoi réir Airteagal 5, gach beart iomchuí chun a áirithiú go mbeidh dlíteanas sibhialta i ndáil le húsáid feithicle atá bunaithe ina chríoch de ghnáth cumhdaithe faoi árachas.”;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

“Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le feithicil a úsáid in imeachtaí agus gníomhaíochtaí mótarspóirt, lena n-áirítear rásaí, comórtais, oiliúint, tástáil agus taispeántais i limistéar atá srianta agus sainithe i mBallstát, i gcás ina n-áirítear an Ballstát go bhfuil polasaí árachais nó ráthaíochta eile bainte amach ag eagraí na gníomhaíochta nó ag aon pháirtí eile lena gcumhdaítear an damáiste d’aon tríú páirtí, lena n-áirítear lucht féachana agus daoine eile ar an láthair ach ní gá go mbeadh an damáiste do na tiománaithe rannpháirteacha agus dá bhfeithicilí cumhdaithe.”;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

### Seiceálacha ar árachais

1. Ní dhéanfaidh na Ballstáit seiceálacha ar árachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le feithiclí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch Ballstáit eile ná i ndáil le feithiclí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch tríú tír atá ag teacht isteach ar a gcríoch ó chríoch Ballstáit eile.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit seiceálacha árachais a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil na seiceálacha sin neamh-idirdhealaitheach, riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir beartaithe a bhaint amach, agus:

- (a) go ndéantar iad mar chuid de rialú nach bhfuil dírithe ar fhíorú árachais amháin; nó
- (b) go bhfuil siad mar chuid de chóras ginearálta seiceálacha ar an gcríoch náisiúnta ar seiceálacha iad a dhéantar i ndáil le feithiclí atá bunaithe de ghnáth ar chríoch an Bhallstáit a bhfuil an tseiceáil á déanamh aige, agus nach gá an fheithicil a stopadh.

2. Ar bhonn dhlí an Bhallstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir, is féidir sonraí pearsanta a phróiseáil nuair is gá chun tiomáint feithicil gan árachas i mBallstáit seachas Ballstát na críche ina bhfuil siad bunaithe de ghnáth a chomhrac. Beidh an dlí sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*) agus leagfar síos leis bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlísteanacha an ábhair sonraí a choimirciú freisin.

Déanfaidh na bearta Ballstáit sin, go háirithe, an cuspóir sonrath atá le próiseáil na sonraí a shonrú, tagairt don bhunús dlí ábhartha, na ceanglais slándála ábhartha a chomhlíonadh agus prionsabail an riachtanais, na comhréireachta, agus an teorannaithe de réir cuspóra a urramú, agus déanfaidh siad tréimhse coinneála sonraí chomhréireach a leagan síos. Ní choimeádfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear de bhun an Airteagail seo chun críche seiceáil árachais a láimhseáil amháin ach a fhad is gá chun na críche sin, agus a luaithe a bheidh sé sin bainte amach, scríosfar ina n-iomláine iad. I gcás ina léirítear i seiceáil árachais go bhfuil feithicil atá cumhdaithe ag árachas éigeantach faoi Airteagal 3, déanfaidh an rialaitheoir na sonraí sin a scríosadh láithreach. Sa chás nach bhfuiltear in ann a chinneadh le seiceáil cé acu atá nó nach bhfuil feithicil cumhdaithe ag árachas éigeantach faoi Airteagal 3, ní choinneofar na sonraí ach ar feadh tréimhse teoranta, nach faide ná líon na laethanta is gá chun a chinneadh an ann don chumhdach árachais.

(\*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).”;

- (4) in Airteagal 5, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

“3. Féadfaidh Ballstát maolú ar Airteagal 3 i ndáil le feithiclí a tharraingítear siar go sealadach nó go buan agus a gcuirtear toirmeasc ar a n-úsáid, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm nós imeachta riaracháin foirmiúil nó beart infhíoraithe eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Áiríteoidh aon Bhallstát a mhaolaíonn amhlaidh go gcaithfear leis na feithiclí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar an gcaoi chéanna le feithiclí nár comhlíonadh an oibleagáid árachais dá dtagraítear in Airteagal 3 ina leith.

Beidh éileamh i gcoinne an chiste ráthaíochta sa Bhallstát ina bhfuil an fheithicil bunaithe de ghnáth ag ciste ráthaíochta an Bhallstáit inar tharla tionóisc.

4. Féadfaidh Ballstát maolú ar Airteagal 3 i ndáil le feithiclí a úsáidtear go heisiach i limistéir a bhfuil rochtain theoranta orthu, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

Áiríteoidh aon Bhallstát a mhaolaíonn amhlaidh go gcaithfear leis na feithiclí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar an gcaoi chéanna le feithiclí nár comhlíonadh an oibleagáid árachais dá dtagraítear in Airteagal 3 ina leith.

Beidh éileamh i gcoinne an chiste ráthaíochta sa Bhallstát ina bhfuil an fheithicil bunaithe de ghnáth ag ciste ráthaíochta an Bhallstáit inar tharla tionóisc.

5. Féadfaidh Ballstát maolú ar Airteagal 3 i ndáil le feithiclí nach gceadaítear a úsáid ar bhóithre poiblí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

Áiritheoidh aon Bhallstát a mhaolaíonn ar Airteagal 3 i ndáil le feithiclí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go gcaithfear leis na feithiclí sin ar an gcaoi chéanna le feithiclí nár comhlíonadh an oibleagáid árachais dá dtagraítear in Airteagal 3 ina leith.

Beidh éileamh i gcoinne an chiste ráthaíochta sa Bhallstát ina bhfuil an fheithicil bunaithe de ghnáth ag ciste ráthaíochta an Bhallstáit inar tharla tionóisc.

6. I gcás ina maolaíonn Ballstát, faoi mhír 5, ó Airteagal 3 i ndáil le feithiclí nach ligtear isteach lena n-úsáid ar bhóithre poiblí, féadfaidh an Ballstát sin maolú freisin ó Airteagal 10 i ndáil le cúiteamh i leith damáiste arb iad na feithiclí sin is cúis leis i limistéir nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu de bharr srian dlíthiúil nó fisiciúil ar rochtain ar na limistéir sin, mar a shainmhínítear lena dhlíthe náisiúnta.

7. I ndáil le míreanna 3 go 6, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi úsáid an mhaolaithe agus faoi na scrúithe ar leith a bhaineann lena chur chun feidhme. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na maoluithe sin.”;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

### Íosmhéideanna

1. Gan dochar d’aon ráthaíochtaí arda a fhéadfaidh na Ballstáit a fhorordú, ceanglóidh gach Ballstát go mbeidh an t-árachas dá dtagraítear in Airteagal 3 éigeantach i dtaca leis na híosmhéideanna seo a leanas:

- (a) i gcás díobhála pearsanta: EUR 6 450 000 in aghaidh na tionóisce, gan beann ar líon na ndaoine díobhálaíthe, nó EUR 1 300 000 in aghaidh an duine dhíobhálaíthe;
- (b) i gcás damáiste do mhaoin, EUR 1 300 000 in aghaidh na tionóisce, gan beann ar líon na ndaoine díobhálaíthe.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, comhshófar na híosmhéideanna ina n-airgeadra náisiúnta trí ráta malairte a chur i bhfeidhm an 22 Nollaig 2021 arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Gach 5 bliana ón 22 Nollaig 2021, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na méideanna dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*).

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28b maidir le hoiriúnú na méideanna sin do ICPT laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh gach tréimhse 5 bliana.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, comhshófar na méideanna ina n-airgeadra náisiúnta trí ráta malairte dháta ríofa na n-íosmhéideanna nua a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur i bhfeidhm.

(\*) Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle (IO L 135, 24.5.2016, lch. 11).”;

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 4:

“CAIBIDIL 4

**CÚITEAMH AS AN DAMÁISTE ARBH É BA CHÚIS LEIS NÁ FEITHICIL NEAMHAI THEANTA NÓ FEITHICIL AR INA LEITH NÁR COMHLÍONADH AN OIBLEAGÁID ÁRACHAIS DÁ bhFORÁILTEAR IN AIRTEAGAL 3 AGUS CÚITEAMH I gCÁS DÓCMHAINNEACHTA”;**

- (7) leasaítear Airteagal 10 mar seo a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:

“Beidh an chéad fómhír gan dochar do cheart na mBallstát a mheas go bhfuil cúiteamh ag an gcomhlacht ina chúiteamh fochuideachta nó neamh-fhochuideachta agus don cheart chun foráil a dhéanamh maidir le socrú na n-éileamh idir an comhlacht agus an duine nó na daoine atá freagrach as an tionóisc agus árachóirí nó comhlachtaí slándála sóisialta eile a bhfuil ceangal orthu an duine díobháilithe a chúiteamh i leith na tionóisce céanna. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a cheadú don chomhlacht, áfach, a chur de choinníoll ar íocaíocht an chúitimh go suífidh an duine díobháilithe, ar aon bhealach, nach bhfuil an duine atá faoi dhliteanas in ann an cúiteamh a íoc nó go ndiúltaíonn an duine sin é a íoc.”;

- (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fómhíre:

“2. Féadfaidh an duine díobháilithe, ar aon chuma, iarratas a dhéanamh go díreach leis an gcomhlacht a mbeidh sé d’oibleagáid air, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an duine díobháilithe arna iarraidh sin don chomhlacht, freagra réasúnaithe maidir le híocaíocht aon chúitimh a thabhairt dó nó di.”;

- (c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:

“I gcás, áfach, inar íoc an comhlacht cúiteamh as díobháilithe pearsanta suntasacha le haon pháirtí a gortaíodh mar thoradh ar an tionóisc céanna ina ndearnadh damáiste do mhaoín de bharr feithicil neamhaitheanta, ní fhéadfaidh na Ballstáit íoc chúitimh as damáiste do mhaoín a eisiáimh ar an mbonn go bhfuil an fheithicil gan aithint. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh d’fharasbarr nach mó ná EUR 500 a bheidh le seasamh ag an duine díobháilithe a ndéanfar damáiste den sórt sin dá mhaoín.”;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Déanfaidh gach Ballstát a dhlíthe, a rialacháin agus a fhorálacha riaracháin a chur i bhfeidhm maidir le híocaíocht an chúitimh ag an gcomhlacht, gan dochar d’aon chleachtas eile atá níos fabhraí don duine díobháilithe.”;

- (8) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 10a

**Cosaint daoine díobháilithe i ndáil le damáiste a eascraíonn ó thionóiscí a tharlaíonn ina mBallstát cónaithe i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais**

1. Déanfaidh gach Ballstát comhlacht a chur ar bun nó a údarú a gcuirfead de chúram air cúiteamh a sholáthar do dhaoine díobháilithe a bhfuil cónaí orthu laistigh dá chríoch, suas go dtí teorainneacha na hoibleagáide árachais ar a laghad, as damáiste do mhaoín nó as díobháilithe pearsanta arbh í feithicil arna hárachú ag gnóthas árachais ba chúis leis, ón uair:

- (a) a bheidh an gnóthas árachais faoi réir imeachtaí féimheachta; nó
- (b) a bheidh an gnóthas árachais faoi réir imeachtaí foirceanta mar a shainmhínítear in Airteagal 268(1), pointe (d), de Threoir 2009/138/CE.

2. Déanfaidh gach Ballstát bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 chun cúiteamh a thabhairt do dhaoine díobháilithe i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 10 nuair a bhíonn íocaíochtaí chúitimh dlite i gcásanna dá bhforáiltear i mír 1, pointe (a) agus pointe (b). Féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais chun ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh, ar choinníoll nach bhforchuirfead iad ach ar gnóthais árachais a bheidh údaraithe ag an mBallstát a bheidh á bhforchur.

3. Gan dochar d’aon oibleagáid faoi Airteagal 280 de Threoir 2009/138/CE, áiritheoidh gach Ballstát, aon uair a dhéanfaidh cúirt inniúil nó aon údarás inniúil eile ordú nó cinneadh chun tús a chur leis na himeachtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó pointe (b), i ndáil le gnóthas árachais arb é an Ballstát baile an Ballstát sin, go bpoibleofar an

t-ordú sin nó an cinneadh sin. Áiríteoidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 atá bunaithe i mBallstát baile an ghnóthais árachais go gcuirfead na comhlachtaí uile dá dtagraítear i mír 1 sna Ballstáit go léir ar an eolas go pras faoin ordú sin nó faoin gcinneadh sin.

4. Féadfaidh an duine díobháilaithe éileamh a thíolacadh go díreach don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1.

5. Ar an éileamh a fháil, cuirfidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 in iúl don chomhlacht coibhéiseach i mBallstát baile an ghnóthais árachais agus an ghnóthais árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, nó a riarthóir nó a leachtaitheoir, mar a shainmhínítear in Airteagal 268(1), pointe (e) agus pointe (f), de Threoir 2009/138/CE, faoi seach, go bhfuil éileamh faighte aige ón duine díobháilaithe.

6. Cuirfidh an gnóthas árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, nó a riarthóir nó a leachtaitheoir, an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 ar an eolas nuair a dhéanfaidh sé dliteanas a chúiteamh nó a dhiúltú maidir le héileamh a bheidh faighte ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 freisin.

7. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1, ar bhonn, *inter alia*, na faisnéise arna soláthar ag an duine díobháilaithe arna iarraidh sin dó, tairiscint réasúnaithe cúitimh nó freagra réasúnaithe amhail dá bhforáiltear sa dara fómhír den mhír seo a sholáthar don duine díobháilaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, laistigh de 3 mhí ón dáta a chuir an duine díobháilaithe a éileamh nó a héileamh ar chúiteamh faoi bhráid an chomhlachta.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh an comhlacht an méid seo a leanas:

(a) tairiscint réasúnaithe cúitimh a dhéanamh, i gcás inar shuigh sé go bhfuil sé faoi dhliteanas cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1, pointe (a) nó pointe (b), nach bhfuil an t-éileamh á chonspóid agus go bhfuil na damáistí cainníochtaithe go páirteach nó go hiomlán;

(b) freagra réasúnaithe a thabhairt ar na pointí a rinneadh san éileamh, i gcás inar shuigh sé nach bhfuil sé faoi dhliteanas cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1, pointe (a) nó (b), nó i gcás ina ndiúltaítear dliteanas nó nár cinneadh go soiléir é nó nach ndearnadh na damáistí a chainníochtú go hiomlán.

8. I gcás ina mbeidh cúiteamh dlite i gcomhréir le mír 7, an dara fómhír, pointe (a), íocfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an cúiteamh leis an duine díobháilaithe gan moill mhíchúí agus in aon chás laistigh de 3 mhí ón uair a ghlacfaidh an duine díobháilaithe leis an tairiscint réasúnaithe cúitimh dá dtagraítear i mír 7, an dara fómhír, pointe (a).

I gcás nach mbeidh an damáiste cainníochtaithe ach i bpáirt, beidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le híocaíocht an chúitimh a leagtar amach sa chéad fhomhír i ndáil leis an damáiste sin atá cainníochtaithe i bpáirt, agus ón uair a ghlacfar leis an tairiscint réasúnaithe chomhfhreagrach cúitimh.

9. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí uile is gá le bheith in ann comhoibriú in am trátha leis na comhlachtaí eile sin i mBallstáit eile, le comhlachtaí arna gcur ar bun nó arna n-údarú faoi Airteagal 25a sna Ballstáit uile agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear gnóthas árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, a riarthóir nó a leachtaitheoir, agus údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát, ag gach céim le linn na n-imeachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo. Áireofar ar an gcomhar sin faisnéis a iarraidh, a fháil agus a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis maidir le mionsonraí éileamh sonracha, i gcás inarb ábhartha.

10. I gcás ina mbeidh Ballstát baile an ghnóthais árachais dá dtagraítear i mír 1 éagsúil leis an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobháilaithe, beidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobháilaithe a mbeidh an duine díobháilaithe cúitithe aige i gcomhréir le mír 8 i dteideal aisíocaíocht iomlán na suime arna híoc trí chúiteamh ón gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát baile an ghnóthais árachais a éileamh.

Déanfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát baile an ghnóthais árachais an íocaíocht leis an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobháilaithe a mbeidh an duine díobháilaithe cúitithe aige i gcomhréir le mír 8 in achar réasúnach ama nach faide ná 6 mhí, mura gcomhaontóidh na comhlachtaí sin a mhalairt i scríbhinn, tar éis dó éileamh ar an aisíocaíocht sin a fháil.

Déanfar an comhlacht a bhfuil cúiteamh soláthartha aige de bhun na chéad fhomhíre a sheachú chuig an duine dhíobhálaithe ina chearta nó ina cearta i gcoinne an duine ba chúis leis an tionóisc nó a ghnóthas árachais nó a gnóthas árachais, seachas i gcoinne an tsealbhóra polasaí nó i gcoinne an duine árachaithe eile ba chúis leis an tionóisc sa mhéid is go mbeadh dliteanas an tsealbhóra polasaí nó an duine árachaithe cumhdaithe ag an ngnóthas árachais dócmhainneach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Beidh sé d'obleagáid ar gach Ballstát an tseachaíocht sin dá bhforáilfáidh aon Bhallstát eile a aithint.

11. Beidh míreanna 1 go 10 gan dochar do cheart na mBallstát maidir le:

- (a) cúiteamh arna íoc ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 a mheas mar chúiteamh fochuideachta nó neamhfhochuideachta;
- (b) foráil a dhéanamh maidir le socrú na n-éileamh i dtaca leis an tionóisc chéanna idir:
  - (i) an comhlacht dá dtagraítear i mír 1;
  - (ii) an duine nó na daoine atá freagrach as an tionóisc;
  - (iii) gnóthais eile árachais nó comhlachtaí eile slándála sóisialta a bhfuil ceangal orthu an duine díobhálaithe a chúiteamh.

12. Ní cheadóidh na Ballstáit don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht chúitimh a dhéanamh faoi réir aon cheanglas seachas iad sin a leagtar síos sa Treoir seo. Go háirithe, ní cheadóidh na Ballstáit don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht chúitimh a dhéanamh faoi réir an cheanglais go suifeadh an duine díobhálaithe nach bhfuil an duine dlíthiúil nó nádúrtha atá faoi dhliteanas in ann an cúiteamh a íoc nó go ndiúltaíonn an duine sin an cúiteamh a íoc.

13. Déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 nó na heintitis dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír seo a ndícheall chun comhaontú a thabhairt i gcrích faoin 23 Nollaig 2023 chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, maidir lena bhfeidhmeanna agus a n-obleagáidí agus na nósanna imeachta maidir le haisíocaíocht de bhun an Airteagail seo.

Chun na críche sin, faoin 23 Meitheamh 2023 déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

- (a) déanfaidh sé an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar bun nó a údarú agus déanfaidh sé é a chumhachtú chun an comhaontú sin a chaibidil agus a thabhairt i gcrích; nó
- (b) déanfaidh sé eintiteas a ainmniú ar shlí eile a mbeidh cumhachtaí aige an comhaontú sin a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, a mbeidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 ina pháirtí ann tráth a chuirfear é ar bun nó a údarófar é.

Tabharfar fógra láithreach don Choimisiún faoin gcomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

I gcás nach dtabharfar an comhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích faoin 23 Nollaig 2023, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28b chun cúraimí nós imeachta agus oibleagáidí nós imeachta na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a shonrú a mhéid a bhaineann leis an aisíocaíocht.”;

- (9) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“I gcás díospóid a bheith ann idir an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus an t-árachóir dliteanais shibhialta i dtaobh cé acu díobh nach mór an duine díobhálaithe a chúiteamh, déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí ionas go n-ainmneofar ceann amháin de na páirtithe sin le bheith freagrach ar an gcéad ásc as cúiteamh a íoc leis an duine díobhálaithe gan mhoill.”;

- (10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 5:

“CAIBIDIL 5

**CATAGÓIRÍ SPEISIALTA DE DHAOINE DÍOBHÁLAITHE, CLÁSAIL EISIAIMH, PRÉIMH AONAIR, FEITHICLÍ A SHEOLTAR Ó BHALLSTÁT AMHÁIN GO BALLSTÁT EILE”;**

- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 12:

“Catagóirí speisialta de dhaoine díobhálaithe”;



(12) leasaítear Airteagal 13 mar seo a leanas:

(a) i mír 1:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh den chéad fhomhír:

“1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta go léir is iomchuí chun a áirithiú go measfar aon fhoráil reachtúil nó aon chlásal conarthach atá i bpolasaí árachais arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 3 a bheith ar neamhní i ndáil le héilimh ó thríú páirtithe a dhíobháiltear mar thoradh ar thionóisc i gcás ina n-eisiatar ó árachas, leis an bhforáil reachtúil nó an clásal conarthach sin, úsáid nó tiomáint feithiclí ag;”

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fhomhír:

“Beidh rogha ag na Ballstáit – i gcás tionóiscí a tharlaíonn ar a gcríoch – gan an fhoráil sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm má fhéadfaidh, agus a mhéid a fhéadfaidh, an duine díobháilte cúiteamh a fháil as an damáiste a bhain dó ó chomhlacht slándála sóisialta.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Na Ballstáit sin a dhéanann foráil, i gcás feithiclí a ghoidtear nó a fhaightear trí fhoréigean, go bhfuil an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 10(1) le cúiteamh a íoc, féadfaidh siad barrachas nach mó ná EUR 250, a bheidh le seasamh ag an duine díobháilte, a shocrú i leith damáiste do mhaoin.”;

(13) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. De mhaolú ar Airteagal 13, pointe (13)(b), de Threoir 2009/138/CE, i gcás ina seolfar feithicil ó Bhallstát amháin go ceann eile, ag brath ar rogha an duine atá freagrach as cumhdach dliteanais tríú páirtí, measfar gurb é an Ballstát ina bhfuil an riosca suite an Ballstát clárúcháin nó, láithreach ar an gceannaitheoir a ghlacadh leis an seachadadh, an Ballstát cinn scríbe, go ceann tréimhse 30 lá, fiú murar cláraíodh an fheithicil go foirmiúil sa Bhallstát cinn scríbe.

Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh an lárionad faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 23 den Bhallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe, den Bhallstát cinn scríbe, i gcás nach ionann é, agus d’aon Bhallstát ábhartha eile, amhail an Ballstát inar tharla tionóisc, nó ina bhfuil cónaí ar dhuine díobháilte, i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá maidir leis an bhfeithicil seolta atá acu i gcomhréir le hAirteagal 23 ar fáil.”;

(14) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 15a

### **Cosaint daoine díobháilte i dtionóiscí a bhaineann le leantóir atá á tharraingt ag feithicil**

1. I gcás tionóisc arbh é ba chúis léi tacar feithiclí ina raibh feithicil a bhí ag tarraingt leantóra, i gcás ina bhfuil árachas dliteanais tríú páirtí ar leithligh ag an leantóir, féadfaidh an duine díobháilte a éileamh nó a héileamh a dhéanamh go díreach in aghaidh an ghnóthais árachais a d’árachaigh an leantóir, i gcás:

(a) inar féidir an leantóir a shainaitheint, ach nach féidir an fheithicil a tharraingt é a shainaitheint; agus

(b) ina ndéantar foráil, leis an dlí náisiúnta is infheidhme, maidir le hárachóir an leantóra cúiteamh a sholáthar.

Rachaidh gnóthas árachais a mbeidh an duine díobháilte cútithe aige ar iontaoibh an ghnóthais a d’árachaigh an fheithicil tarraingthe, nó ar iontaoibh an chomhlachta dá dtagraítear in Airteagal 10(1), má fhoráiltear dó sin, agus a mhéid a fhoráiltear dó sin, faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

Beidh an mhír seo gan dochar don dlí náisiúnta is infheidhme lena bhforáiltear do rialacha atá níos fabhraí don duine díobháilte.

2. I gcás tionóisc arbh é ba chúis léi tacar feithiclí ina raibh feithicil a bhí ag tarraingt leantóra, déanfaidh árachóir an leantóra, mura rud é go gceanglaíonn an dlí náisiúnta is infheidhme air cúiteamh iomlán a sholáthar, arna iarraidh sin don duine díobháilte, é nó í a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoin méid seo a leanas:

(a) céannacht árachóir na feithicil tarraingthe; nó

(b) i gcás nach féidir le hárachóir an leantóra árachóir na feithicle tarraingthe a shainaithint, an sásra cúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 10.”;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

“Airteagal 16

### Ráitis a bhaineann le héilimh dliteanais tríú páirtí

Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil sé de cheart ag an sealbhóir polasaí ráiteas a iarraidh aon tráth maidir leis na héilimh dliteanais tríú páirtí a bhaineann leis an bhfeithicil nó leis na feithiclí atá cumhdaithe ag an gconradh árachais le linn na 5 bliana roimhe sin ar a laghad den ghaol conarthach, nó maidir le heaspa éilimh den sórt sin a bheith ann (ráis faoi stair na n-éileamh’).

Déanfaidh an gnóthas árachais, nó aon chomhlacht a d’fhéadfadh a bheith ceaptha ag Ballstát chun árachas éigeantach a sholáthar nó chun ráitis den sórt sin a sholáthar, an ráiteas faoi stair na n-éileamh a sholáthar don sealbhóir polasaí laistigh de 15 lá ón iarraidh. Déanfaidh siad amhlaidh trí úsáid a bhaint as foirm an ráitis faoi stair na n-éileamh.

Áiríteoidh na Ballstáit, agus ráitis faoi stair na n-éileamh arna n-eisiúint ag gnóthais eile árachais nó comhlachtaí eile amhail dá dtagraítear sa dara mír á gcur san áireamh acu, nach gcaithfidh gnóthais árachais le sealbhóirí polasaí ar bhealach idirdhealaitheach nó nach ngearrfaidh siad formhuirear ar a bpréimheanna de bharr a náisiúntachta nó ar bhonn an Bhallstáit inár chónaigh siad roimhe sin amháin.

Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh gnóthas árachais ráitis faoi stair na n-éileamh a chur san áireamh agus préimheanna á gcinneadh aige, go gcaithfidh sé leosan arna n-eisiúint i mBallstáit eile mar ráitis atá comhionann leosan arna n-eisiúint ag gnóthas árachais nó comhlachtaí amhail dá dtagraítear sa dara mír laistigh den Bhallstát céanna, lena n-áirítear agus aon lascaíní á gcur i bhfeidhm aige.

Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh gnóthais árachais forléargas ginearálta ar a bpolasaithe i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as ráitis faoi stair na n-éileamh agus préimheanna á ríomh acu.

Glacfaidh an Coimisiún faoin 23 Iúil 2023 gníomhartha cur chun feidhme lena sonrú, trí bhíthin teimpléid, cuma agus inneachar an ráiteas faoi stair na n-éileamh dá dtagraítear sa dara mír. Sa teimpléad sin, beidh faisnéis faoin méid seo a leanas:

- (a) céannacht an ghnóthais árachais nó an chomhlachta a eisiúint an ráiteas faoi stair na n-éileamh;
- (b) céannacht an tsealbhóra polasaí, lena n-áirítear a fhaisnéis teagmhála nó a faisnéis teagmhála;
- (c) an fheithicil árachaithe agus a huimhir aitheantais feithicle;
- (d) dáta tosaigh agus dáta deiridh chumhdach árachais na feithicle;
- (e) líon na n-éileamh dliteanais tríú páirtí a shocraítear faoi chonradh árachais an tsealbhóra polasaí le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas faoi stair na n-éileamh, lena n-áirítear dáta gach éilimh;
- (f) faisnéis bhreise atá ábhartha faoi na rialacha nó na cleachtais is infheidhme sna Ballstáit.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit sula nglacfaidh sé na gníomhartha cur chun feidhme sin.

Glacfar na gníomhartha chur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28a(2).”;

(16) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16a

### Uirlisí comparáide praghais mótarárachais

1. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú uirlisí a dheimhniú lena gcuirfead ar chumas tomhaltóirí praghanna, taraifí agus cumhdach idir soláthraithe an árachais éigeantaigh dá dtagraítear in Airteagal 3 mar ‘uirlisí comparáide praghais neamhspleácha maidir le mótarárachas’ a chur i gcomparáid saor in aisce má chomhlíontar coinníollacha mhír 2.

2. Maidir le huirlis chomparáide de réir bhrí mhír 1:
- (a) beidh sí neamhspleách ó thaobh na hoibríochtúlachta de ar sholáthraithe an árachais éigeantaigh dá dtagraítear in Airteagal 3 agus áiríteoidh sí go gcaithfear go cothrom le soláthraithe seirbhíse i dtorthaí cuardaigh;
  - (b) nochtfaidh sí go soiléir céannacht úinéirí agus oibreoirí na huirlise comparáide;
  - (c) leagfaidh sí amach na critéir shoiléire, oibiachtúla ar a bhfuil an chomparáid bunaithe;
  - (d) úsáidfidh sí friotal atá soiléir agus gan débhrí;
  - (e) soláthróidh sí faisnéis atá beacht agus atá cothrom le dáta agus luafaidh sí an uair a rinneadh an nuashonrú is deireanaí;
  - (f) beidh sí ar fáil d'aon soláthraí an árachais éigeantaigh dá dtagraítear in Airteagal 3, lena gcuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil, lena n-áireofar réimse leathan tairiscintí lena gcumhdófar cuid shuntasach de mhargadh an mhótarárachais agus, i gcás nach ionann an fhaisnéis a thíolacfar agus forléargas iomlán ar an margadh sin, lena soláthrófar ráiteas soiléir chun na críche sin don úsáideoir, sula dtaispeánfar torthaí;
  - (g) soláthróidh sí nós imeachta éifeachtach chun faisnéis mhícheart a thuairisciú;
  - (h) áireofar ráiteas inti ina míneofar go bhfuil praghsanna bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar agus nach bhfuil siad ceangailteach ar sholáthraithe árachais.”;

(17) leasaítear Airteagal 23 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Áiríteoidh na Ballstáit go gceanglófar ar ghnóthais árachais nó eintitis eile an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(i), (ii) agus (iii), a sholáthar do na hionaid faisnéise agus iad a chur ar an eolas aon uair a thiofaidh polasaí árachais chun bheith neamhbhailí nó nach gcumhdóidh sé a thuilleadh feithicil ag a bhfuil uimhir chlárúcháin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta a eascróidh as míreanna 1 go 5a, déanfar í a chur i gcrích i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.”;

(18) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 25a

**Cosaint daoine díobháilithe i ndáil le damáiste a eascraíonn as tionóiscí a tharlaíonn i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe i gcás dócmhainneacht gnóthais árachais**

1. Déanfaidh gach Ballstát comhlacht a chur ar bun nó a údarú a gcuirfear de chúram air cúiteamh a sholáthar do dhaoine díobháilithe a bhfuil cónaí orthu laistigh dá chríoch, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 20(1), suas go dtí teorainneacha na hoibleagáide árachais ar a laghad, as damáiste do mhaoín nó as díobháilacha pearsanta arbh í feithicil arna hárachú ag gnóthas árachais ba chúis leo, ón uair:

- (a) a bheidh an gnóthas árachais faoi réir imeachtaí féimheachta; nó
- (b) a bheidh an gnóthas árachais faoi réir imeachtaí foirceanta mar a shainmhínítear in Airteagal 268(1), pointe (d), de Threoir 2009/138/CE.

2. Déanfaidh gach Ballstát bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 chun daoine díobháilithe a chúiteamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 10 nuair a bhíonn íocaíochtaí cúitimh dlite i gcásanna dá bhforáiltear i mír 1, pointe (a) agus pointe (b). Féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais chun ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh, ar choinníoll nach bhforchuirfear iad ach ar ghnóthais árachais a bheidh údaraithe ag an mBallstát a bheidh á bhforchur.

3. Gan dochar d'aon oibleagáid faoi Airteagal 280 de Threoir 2009/138/CE, áiríteoidh gach Ballstát, aon uair a dhéanfaidh cúirt inniúil nó aon údarás inniúil eile ordú nó cinneadh chun tús a chur leis na himeachtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó (b), i ndáil le gnóthas árachais arb é an Ballstát baile é an Ballstát sin, go bpoibleofar an t-ordú sin nó an cinneadh sin. Áiríteoidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 atá bunaithe i mBallstát baile an ghnóthais árachais go gcuirfear na comhlachtaí uile dá dtagraítear i mír 1 agus na comhlachtaí cúitimh uile dá dtagraítear in Airteagal 24 sna Ballstáit go léir ar an eolas go pras faoin ordú sin nó faoin gcinneadh sin.

4. Féadfaidh an duine díobhálaíthe éileamh a thíolacadh go díreach don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1.
5. Ar é an t-éileamh a fháil, cuirfidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 in iúl don chomhlacht coibhéiseach i mBallstát baile an ghnóthais árachais, an comhlacht cúitimh faoi Airteagal 24 i mBallstát cónaithe an duine dhíobhálaíthe agus an ghnóthais árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, nó a riarthóir nó a leachtaitheoir, mar a shainmhínítear in Airteagal 268(1), pointe (e) agus pointe (f), de Threoir 2009/138/CE, faoi seach, go bhfuil éileamh faighte aige ón duine díobhálaíthe.
6. Cuirfidh an gnóthas árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, nó a riarthóir nó a leachtaitheoir, an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 ar an eolas nuair a dhéanfaidh sé dliteanas a chúiteamh nó a dhiúltú maidir le héileamh a bheidh faighte ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 freisin.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1, ar bhonn, *inter alia*, na faisnéise arna soláthar ag an duine díobhálaíthe arna iarraidh sin dó, tairiscint réasúnaíthe cúitimh nó freagra réasúnaíthe amhail dá bhforáiltear sa dara fómhír den mhír seo a sholáthar don duine díobhálaíthe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, laistigh de 3 mhí ón dáta a chuir an duine díobhálaíthe a éileamh nó a héileamh ar chúiteamh faoi bhráid an chomhlachta.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh an comhlacht an méid seo a leanas:

- (a) tairiscint réasúnaíthe cúitimh a dhéanamh, i gcás inar shuigh sé go bhfuil sé faoi dhliteanas cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1, pointe (a) nó pointe (b), nach bhfuil an t-éileamh á chonspóid agus go bhfuil na damáistí cainníochtaithe go páirteach nó go hiomlán;
- (b) freagra réasúnaíthe a thabhairt ar na pointí a rinneadh san éileamh, i gcás inar shuigh sé nach bhfuil sé faoi dhliteanas cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1, pointe (a) nó (b), nó i gcás ina ndiúltaítear dliteanas nó nár cinneadh go soiléir é nó nach ndearnadh na damáistí a chainníochtú go hiomlán.
8. I gcás ina mbeidh cúiteamh dlite i gcomhréir le mír 7, an dara fómhír, pointe (a), íocfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an cúiteamh leis an duine díobhálaíthe gan moill mhíchúí agus in aon chás laistigh de 3 mhí ón uair a ghlacfaidh an duine díobhálaíthe leis an tairiscint réasúnaíthe cúitimh dá dtagraítear i mír 7, an dara fómhír, pointe (a).

I gcás nach mbeidh an damáiste cainníochtaithe ach i bpáirt, beidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le híocaíocht an chúitimh a leagtar amach sa chéad fhomhír i ndáil leis an damáiste sin atá cainníochtaithe i bpáirt, agus ón uair a ghlacfar leis an tairiscint réasúnaíthe cúitimh a chomhfhreagraíonn don chainníochtú páirteach damáiste comhfhreagrach.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí uile is gá le bheith in ann comhoibriú in am trátha leis na comhlachtaí eile sin i mBallstáit eile, le comhlachtaí arna gcur ar bun nó arna n-údarú faoi Airteagal 10a agus Airteagal 24 sna Ballstáit uile agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear gnóthas árachais atá faoi réir imeachtaí féimheachta nó foirceanta, a ionadaí éileamh nó a riarthóir nó a leachtaitheoir, agus údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát, ag gach céim le linn na n-imeachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo. Áireofar ar an gcomhar sin faisnéis a iarraidh, a fháil agus a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis maidir le mionsonraí éileamh sonracha, i gcás inarb ábhartha.
10. I gcás ina mbeidh Ballstát baile an ghnóthais árachais dá dtagraítear i mír 1 éagsúil leis an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobhálaíthe, beidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobhálaíthe a mbeidh an duine díobhálaíthe cúitithe aige i gcomhréir le mír 8 i dteideal aisíocaíocht iomlán na suime arna híoc trí chúiteamh ón gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát baile an ghnóthais árachais a éileamh.

Déanfaidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát baile an ghnóthais árachais an íocaíocht leis an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an duine díobhálaíthe a mbeidh an duine díobhálaíthe cúitithe aige i gcomhréir le mír 8 in achar réasúnach ama nach faide ná 6 mhí, mura gcomhaontóidh na comhlachtaí sin a mhalaírt i scríbhinn, tar éis dó éileamh ar aisíocaíocht den sórt sin a fháil.

Déanfar an comhlacht a bhfuil cúiteamh soláthartha aige de bhun na chéad fhomhíre a sheachú chuig an duine díobhálaíthe ina chearta nó ina cearta i gcoinne an duine ba chúis leis an tionóisc nó a ghnóthas árachais nó a gnóthas árachais, seachas i gcoinne an tsealbhóra polasaí nó i gcoinne duine árachaithe eile ba chúis leis an tionóisc sa mhéid is go mbeadh dliteanas an tsealbhóra polasaí nó an duine árachaithe cumhdaithe ag an ngnóthas árachais dócmhainneach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Beidh sé d'oibleagáid ar gach Ballstát an tseachaíocht sin dá bhforáilfaidh aon Bhallstát eile a aithint.

11. Beidh míreanna 1 go 10 gan dochar do cheart na mBallstát maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) a mheas go bhfuil cúiteamh arna íoc ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 1 ina chúiteamh fochuideachta nó neamh-fhochuideachta;
- (b) foráil a dhéanamh maidir le socrú na n-éileamh i dtaca leis an tionóisc chéanna idir:
  - (i) an comhlacht dá dtagraítear i mír 1;
  - (ii) an duine nó na daoine atá freagrach as an tionóisc;
  - (iii) gnóthais eile árachais nó comhlachtaí eile slándála sóisialta a bhfuil ceangal orthu an duine díobhálaíthe a chúiteamh.

12. Ní cheadóidh na Ballstáit don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht chúitimh a dhéanamh faoi réir aon cheanglas seachas iad sin a leagtar síos sa Treoir seo. Go háirithe, ní cheadóidh na Ballstáit don chomhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht chúitimh a dhéanamh faoi réir an cheanglais go suifeadh an duine díobhálaíthe nach bhfuil an duine dlíthiúil nó nádúrtha atá faoi dhliteanas in ann an cúiteamh a íoc nó go ndíúltaíonn an duine sin an cúiteamh a íoc.

13. Déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 nó na heintitis dá dtagraítear sa dara fomhír a ndícheall chun comhaontú a thabhairt i gcrích faoin 23 Nollaig 2023 chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, maidir lena bhfeidhmeanna agus a n-oibleagáidí agus na nósanna imeachta maidir le haisíocaíocht de bhun an Airteagail seo.

Chun na críche sin, faoin 23 Meitheamh 2023 déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

- (a) an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar bun nó a údarú agus a chumhachtú chun comhaontú den sórt sin a chaibidil agus a thabhairt i gcrích; nó
- (b) eintiteas a ainmniú agus a chumhachtú chun comhaontú den sórt sin a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, a mbeidh an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 ina pháirtí ann tráth a chuirfear ar bun nó a údarófar é.

Tabharfar fógra láithreach don Choimisiún faoin gcomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

I gcás nach dtabharfar an comhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích faoin 23 Nollaig 2023, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28b chun cúraimí nós imeachta agus oibleagáidí nós imeachta na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a shonrú a mhéid a bhaineann le haisíocaíocht.”;

(19) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

“Déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí chun éascaíocht a dhéanamh ar na sonraí bunúsacha is gá le haghaidh shocrú na n-éileamh a bheith á soláthar, ar bhealach tráthúil, do na daoine díobhálaíthe, dá n-árachóirí nó dá n-ionadaithe dlíthiúla.”;

(20) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 26a

#### **Faisnéis do dhaoine díobhálaíthe**

Áiritheoidh na Ballstáit a dhéanann comhlachtaí cúitimh éagsúla a chur ar bun nó a údarú faoi Airteagal 10(1), Airteagal 10a(1), Airteagal 24(1) agus Airteagal 25a(1) go mbeidh rochtain ag daoine díobhálaíthe ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir le bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hiarratas a dhéanamh ar chúiteamh.”;

(21) in Airteagal 28(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go bhfaighfí mótarárachas lena gcomhlíontar ceanglais na Treorach seo d'aon mhótarthrealamh a úsáidtear ar thalamh nach gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ‘fheithicil’ in Airteagal 1, pointe 1, agus nach bhfuil feidhm ag Airteagal 3 maidir leis.”;

(22) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 28a

#### Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme arna bhunú le Cinneadh 2004/9/CE ón gCoimisiún (\*) cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*\*).
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 28b

#### Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinnithe ama amhail ón 22 Nollaig 2021.

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10a(13), an ceathrú fómhír, agus Airteagal 25a(13), an ceathrú fómhír, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 7 mbliana ón 22 Nollaig 2021. Déanfar tarmligtean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligtean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2), Airteagal 10a(13), an ceathrú fómhír, agus Airteagal 25a(13), an ceathrú fómhír, a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligtean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (\*\*\*)
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(2), Airteagal 10a(13), an ceathrú fómhír, agus Airteagal 25a(13), an ceathrú fómhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 28c

#### Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis dhátaí cur i bhfeidhm faoi seach Airteagal 10a agus Airteagal 25a amhail dá dtagraítear in Airteagal 30, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar fheidhmiú na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10a agus Airteagal 25a, ar an gcomhar idir na comhlachtaí sin, agus ar chistiú na gcomhlachtaí sin. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin. Maidir le cistiú na gcomhlachtaí sin, áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil sin:
  - (a) measúnú ar acmhainneachtaí maoinithe agus riachtanais mhaoinithe na gcomhlachtaí cúitimh i ndáil lena ndlíteanais ionchasacha, agus an riosca go dtiocfadh mótarárachóirí i margáí na mBallstát chun bheith dócmhainneach á chur san áireamh;
  - (b) measúnú ar chomhchuibhiú chur chuige cistiúcháin na gcomhlachtaí cúitimh;

(c) má tá togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, measúnú ar thionchar na ranníocaíochtaí ar phréimheanna conarthaí mótarárachais.

2. Tráth nach déanaí ná an 24 Nollaig 2030, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ina ndéanfar meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo, cé is moite de na gnéithe a mbaineann an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 leo, lena n-áirítear i dtaca le:

- (a) cur chun feidhme na Treorach seo maidir le forbairtí teicneolaíocha, go háirithe maidir le feithiclí uathrialaitheacha agus leath-uathrialaitheacha;
- (b) leormhaitheas raon feidhme na Treorach seo, i bhfianaise na rioscaí tionóisce a bhaineann le mótarfheithiclí éagsúla;
- (c) i bhfoirm athbhreithnithe, éifeachtacht na gcóras malartaithe faisnéise chun críoch seiceálacha ar árachas i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear, más gá, measúnú, i gcomhair na gcásanna sin, ar a indéanta atá sé córais malartaithe faisnéise atá ann cheana a úsáid, agus in aon chás, anailís ar chuspóirí na gcóras malartaithe faisnéise agus measúnú ar a gcostais; agus
- (d) córais ina bhfuil tionchar ag ráitis na sealbhóirí polasaí faoi stair na n-éileamh ar phréimheanna, *inter alia*, córais *bonus-malus* nó 'bónas cheal éilimh', a bheith á n-úsáid ag gnóthais árachais.

Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

(\*) Cinneadh 2004/9/CE ón gCoimisiún an 5 Samhain 2003 lena mbunaítear an Coiste Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme (IO L 3, 7.1.2004, lch. 34).

(\*\*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(\*\*\*) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.”;

(23) in Airteagal 30, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“Beidh feidhm ag Airteagal 10a(1) go (12) ó dháta an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 10a(13), an chéad fhomhír, nó ó dháta cur i bhfeidhm ghníomh tarmiligthe an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 10a(13), an ceathrú fhomhír.

Beidh feidhm ag Airteagal 25a(1) go (12) ó dháta an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 25a(13), an chéad fhomhír, nó ó dháta cur i bhfeidhm ghníomh tarmiligthe an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 25a(13), an ceathrú fhomhír.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10a(1) go (12) agus Airteagal 25a(1) go (12), áfach, roimh an 23 Nollaig 2023.

Beidh feidhm ag Airteagal 16, an dara mír, an dara habairt, agus an tríú mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír ón 23 Aibreán 2024 nó ó dháta cur i bhfeidhm ghníomh cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 16, an séú mír, cibé acu is déanaí.”.

## Airteagal 2

### Trasú

1. Faoin 23 Nollaig 2023, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 23 Nollaig 2023.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, faoin 23 Meitheamh 2023, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na leasuithe a leagtar amach in Airteagal 1, pointe (8) agus pointe (18), den Treoir seo a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 10a(13), an dara fhomhír, agus Airteagal 25a(13), an dara fhomhír, faoi seach, de Threoir 2009/103/CE.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna maidir le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhórlacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 24 Samhain 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. LOGAR



### **Ráiteas ón gCoimisiún**

Tá an Coimisiún fós tiomanta do chosaint a thabhairt d'ardleibhéal cosanta íospartach i gcomhthéacs na Treorach maidir le Mótárachas. Is é an cuspóir atá againn a áirithiú go dtabharfar cúiteamh d'íospartaigh, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, chomh tapa agus is féidir agus nach mbeidh siad faoi réir ceanglais nós imeachta dhíréireacha a d'fhéadfadh bac a chur ar a rochtain ar chúiteamh. Braitheann éifeachtacht cúitimh go mór ar é a thabhairt in am tráthúil. I ndáil leis sin, cuirimid sonrú sna cúiseanna buartha atá curtha in iúl arís agus arís eile ag Parlaimint na hEorpa maidir le héagsúlachtaí i measc na mBallstát i dtaca le tréimhsí teorann, i.e. an t-achar ama ábhartha ar féidir le duine díobháilithe éileamh a dhéanamh lena linn. Déanfaidh an Coimisiún breithniú cúramach ar an tsaincheist sin agus fiosróidh sé leigheasanna féideartha ionas go neartófar cosaint na n-íospartach tuilleadh, dá léireofaí le fianaise go bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

---

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2119 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Nollaig 2021

**lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le taifid agus dearbhuithe áirithe a éilítear ar oibreoírí agus grúpaí oibreoírí agus maidir leis na modhanna teicniúla chun deimhnithe a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an deimhniú a eisiúint d'oibreoírí, do ghrúpaí oibreoírí agus d'onnmhairioírí i dtríú tíortha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 35(10), Airteagal 39(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 45(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 35(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848, eiseofar an deimhniú a chuirfidh na húdaráis inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe ar fáil d'oibreoírí nó do ghrúpaí oibreoírí i bhfoirm leictreonach más féidir. Tar éis fhorbairt agus imscaradh iomlán an Chórais leictreonaigh um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (36) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, beidh gach údarás inniúil, údarás rialaithe agus comhlacht rialaithe san Aontas in ann deimhnithe a eisiúint i bhfoirm leictreonach ón 1 Eanáir 2023. Ar an gcúis sin, is gá foráil a dhéanamh nach mór an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/848 a eisiúint i bhfoirm leictreonach, trí úsáid a bhaint as TRACES ón 1 Eanáir 2023.
- (2) Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2018/848 ar oibreoírí agus grúpaí oibreoírí taifid a choimeád chun a léiriú go gcomhlíonfar an Rialachán sin. Leagtar síos íoscheanglais agus sonraí íosta áirithe maidir le taifid a choimeád in Airteagal 9(10), pointe (c), agus Airteagal 34(5) de Rialachán (AE) 2018/848 agus in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (3) I gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le táirgeadh i Rialachán (AE) 2018/848, ní mór bearta coisctheacha agus réamhchúraim a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, ag gach céim den táirgeadh, den ullmhú agus den dáileachán. Chuige sin, áirítear ar na rialuithe ábhartha oifigiúla, go háirithe, cur chun feidhme birt den sórt sin ag oibreoírí agus ag grúpaí oibreoírí a fhíorú. Cé gur féidir cur chun feidhme roinnt de na bearta sin a fhíorú le cigireacht fhisiciúil ar an láthair, tá gá le taifid chun cur i bhfeidhm bearta eile a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoírí agus do ghrúpaí oibreoírí na taifid sin a choimeád ionas go mbeidh siad in ann fianaise a chur ar fáil nuair is gá. Mar shampla, is féidir fianaise lena léirítear gur tógadh bearta chun éilliú le táirgí agus substaintí neamhúdairithe agus meascadh le táirgí neamh-orgánacha a sheachaint a chur ar fáil trí chruithúnas ar ghlanadh saoráidí, trealamh agus feithiclí iompair maille le cruthúnas ar oiliúint a choimeád.

<sup>(1)</sup> IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (an Rialachán CBFRO) ( IO L 261 14.10.2019, lch. 37).

- (4) Tá cuntais dhoiciméadacha ábhartha freisin i dtaca le críocha inrianaitheachta agus le maischothromaíocht, agus dá bhrí sin i dtaca le measúnú ar chomhlíontacht Rialachán (AE) 2018/848. Sna seiceálacha inrianaitheachta agus maischothromaíochta faoi Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/771 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> cumhdaítear faisnéis shonrach a bhfuil gá le doiciméid iomchuí le taispeáint go bhfuil údar maith léi. Ba cheart d'oibreoírí agus do ghrúpaí oibreoírí na doiciméid sin a choimeád chun fianaise ar chomhlíontacht a ngníomhaíochtaí a chur ar fáil.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/848, déanfar rialuithe oifigiúla bunaithe, go háirithe, ar an dóchúlacht nach gcomhlíonfar an Rialachán. Chun na críche sin, teastaíonn faisnéis ábhartha ó údarais inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, ó údarais rialaithe nó ó chomhlachtaí rialaithe. Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 39(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848 ar oibreoírí agus grúpaí oibreoírí gach dearbhú agus aon chumarsáid eile is gá a dhéanamh le haghaidh rialuithe oifigiúla. Ina theannta sin, éilítear le hAirteagal 39(1), pointe (d)(i), den Rialachán sin, *inter alia*, tuairisc iomlán ar na haonaid táirgthe orgánacha nó ar na haonaid táirgthe atá á dtiontú agus ar a ngníomhaíochtaí.
- (6) Chun a áirithiú gur féidir rialuithe oifigiúla a phleanáil go hiomchuí, is gá an fhaisnéis a bheidh le háireamh sna dearbhuithe sin agus i gcumarsáidí eile a shonrú, go háirithe, faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a ligtear ar fochonradh agus sonraí áirithe maidir leis na haonaid táirgthe agus áitribh eile, le saoráidí agus aonaid a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí na n-oibreoírí agus na ngrúpaí oibreoírí, agus leis an réamhaisnéis phleanáilte táirgthe.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 1, an chéad mhír agus an dara mír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, a bhfuil feidhm aige ón 1 Eanáir 2022, tá údarais rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 le deimhniú a chur ar fáil d'oibreoírí, do ghrúpaí oibreoírí agus d'onnmhaineoírí i dtríú tíortha a bhí faoi réir na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin, atá le heisiúint i bhfoirm leictreonach agus úsáid á baint as TRACES. Ós rud é nach mbeifear in ann TRACES a úsáid roimh an 1 Eanáir 2023, is gá an oibleagáid TRACES a úsáid i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 freisin a chur siar.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 a leasú dá réir.
- (9) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhforáil maidir le húsáid TRACES ón 1 Eanáir 2023, áfach.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **An deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a eisiúint i bhfoirm leictreonach**

An deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848, eiseofar é mar a leanas:

- (a) i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848;
- (b) i bhfoirm leictreonach, agus úsáid á baint as an gCóras leictreonach um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) dá dtagraítear i bpointe (36) d'Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/771 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir shonracha agus coinníollacha sonracha a leagan síos le haghaidh seiceálacha ar chuntais dhoiciméadacha faoi chuimsiú rialuithe oifigiúla i dtáirgeadh orgánach agus na rialuithe oifigiúla ar ghrúpaí oibreoírí (IO L 165, 11.5.2021, lch. 25).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisiúint d'oibreoírí, do ghrúpaí oibreoírí agus d'onnmhaineoírí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le hallmhairiú táirgí orgánacha, agus táirgí atá á dtiontú, isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údarais rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24).

*Airteagal 2***Na taifid a bheidh le coimeád ag oibreoirí agus ag grúpaí oibreoirí**

1. Coimeádfaidh oibreoirí agus grúpaí oibreoirí na doiciméid uile is gá, lena n-áirítear taifid stoic agus airgeadais, a chuirfidh ar chumas na n-údarás inniúil nó, i gcás inarb iomchuí, údarás rialuithe nó comhlachtaí rialuithe na seiceálacha seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh:

- (a) seiceálacha ar na bearta coisctheacha agus réamhchúraim atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 9(6) agus le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/848;
- (b) an tseiceáil inrianaitheachta i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/771;
- (c) an tseiceáil maischothromaíochta i gcomhréir le hAirteagal 1(5) de Rialachán Tarmligthe(AE) 2021/771.

2. Áireofar, go háirithe, sna doiciméid atá le coimeád chun críche na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), doiciméid lena ndeimhnítear go bhfuil na bearta comhréireacha agus iomchuí déanta ag an oibreoir nó ag an ngrúpa oibreoirí chun:

- (a) lotnaidí agus galar a chosc;
- (b) éilliú le táirgí agus substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i gcomhréir le Rialachán (AE) (EU) 2018/848 agus meascadh le táirgí neamh-orgánacha a sheachaint.

*Airteagal 3***Dearbhuithe agus aon chumarsáid eile is gá le haghaidh rialuithe oifigiúla**

Áireoidh oibreoirí agus grúpaí oibreoirí an fhaisnéis seo a leanas ina ndearbhuithe agus ina gcumarsáidí de bhun Airteagal 39(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848 leis an údarás inniúil, leis an údarás rialaithe nó leis an gcomhlacht rialaithe a dhéanann rialaithe oifigiúla:

- (a) na gníomhaíochtaí, a chumhdaítear sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848, atá ligthe ar fochonradh;
- (b) seoladh nó geoshuíomh na n-aonad táirgthe orgánacha, na n-aonad táirgthe atá á dtiontú agus na n-aonad táirgthe neamh-orgánacha chomh maith le seoladh nó geoshuíomh an limistéir bhailithe plandaí fiáine nó algaí agus áitreabh agus aonad eile a úsáidtear le haghaidh a ngníomhaíochtaí;
- (c) sa chás go bhfuil gabhálaí ilroinnte in aonaid táirgthe difriúla i gcomhréir le hAirteagal 9(7) de Rialachán (AE) 2018/848, tuairisc agus seoladh nó geoshuíomh na n-aonad táirgthe neamh-orgánacha;
- (d) a réamhaisnéis phleanáilte táirgthe.

Tabharfar na dearbhuithe agus na cumarsáidí sin cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 4***Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) den dara mír:

“(a) eiseofar é mar a leanas:

- (i) i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(ii) i bhfoirm leictreonach trí úsáid a bhaint as an gCóras leictreonach um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) dá dtagraítear i bpointe (36) d'Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún (\*);

(\*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).";

(2) cuirtear an tríú mír seo a leanas le hAirteagal 3:

“Beidh feidhm ag Airteagal 1, an dara fómhír, pointe (a)(ii), ón 1 Eanáir 2023.”.

#### *Airteagal 5*

### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (b), ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/2120 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2021

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir le bearta idirthrémhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile <sup>(1)</sup> (“Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE”), síníodh é in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreáin 2003. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE <sup>(2)</sup> (“an cinneadh maidir le bearta idirthrémhseacha”), tá feidhm le bheith ag an gcomhaontú go dtí an 30 Samhain 2021.
- (2) De bhun Airteagal 95(4), an chéad fhomhír, den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i dtreo Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua (“an Comhaontú nua”) i mí Mheán Fómhair 2018. Ní bheidh an Comhaontú nua réidh le cur i bhfeidhm faoin 30 Samhain 2021, dáta éaga an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá an Cinneadh maidir le bearta idirthrémhseacha a leasú d’fhonn síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.
- (3) Foráiltear le hAirteagal 95(4), an dara fhomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go nglacfaidh Comhairle na nAírí ACC-AE aon bhearta idirthrémhseacha a bhféadfadh gá a bheith leo go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm.
- (4) De bhun Airteagal 15(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, an 23 Bealtaine 2019, tharmlig Comhairle Airí ACC-AE na cumhachtaí chun na bearta idirthrémhseacha a ghlacadh chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE <sup>(3)</sup>. Is faoi Choiste Ambasadóirí ACC-AE atá sé, dá bhrí sin, na bearta idirthrémhseacha a leasú de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.
- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a bhunú, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.
- (6) Leanfar d’fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a chur i bhfeidhm chun leanúnachas a choimeád ar bun sa chaidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Stáit ACC, ar an taobh eile. Dá réir sin, ní hé is aidhm do na bearta idirthrémhseacha leasaithe a bheith ina leasuithe ar Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE faoi dá bhforáiltear dóibh in Airteagal 95(3) de,

<sup>(1)</sup> IO L 317, 15.12.2000, lch. 3. Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3).

<sup>(2)</sup> Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthrémhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 1, 3.1.2020, lch. 3).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Chomhairle Airí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019 maidir le tarmligeán cumhachtaí chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE i dtaca leis an gcinneadh bearta idirthrémhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 146, 5.6.2019, lch. 114).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 30 Meitheamh 2022, nó go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm nó go dtí go ndéanfar an Comhaontú nua idir an tAontas agus Stáit ACC a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, cibé acu is tuisce.

Cuirfear forálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE i bhfeidhm i gcomhréir le cuspóir agus aidhm Airteagal 95(4) de.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

Z. POČIVALŠEK

---

**CINNEADH (AE) 2021/2121 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 6 Iúil 2020**  
**maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlanna stairiúla Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is iad na taifid atá i seilbh an Choimisiúin is bonn lena fheidhmiú agus lena obair ó lá go lá. Is cuid de shócmhainní an Choimisiúin iad agus is leo a chomhlíontar na feidhmeanna malartú faisnéise a éascú, fianaise ar na bearta a rinneadh a sholáthar, oibleagáidí dlíthiúla na hinstiúide a chomhlíonadh agus a stair a chaomhnú. Dá bhrí sin, ní mór na taifid sin a bhainistiú i gcomhréir le rialacha éifeachtacha is infheidhme maidir le gach ardstiúrthóireacht agus gach roinn choibhéiseach.
- (2) Coinníonn an Coimisiún taifid a chruthaítear, a fhaightear agus a bhainistítear le linn a chuid gníomhaíochtaí. Déantar gach taifead a ghabháil agus a choinneáil i stóras leictreonach oifigiúil taifead, gan beann ar a bhformáid agus ar an timpeallacht theicneolaíoch ina ndéantar iad a bhailiú, a chruthú nó a ghiniúint.
- (3) Le forálacha maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna leagtar amach prionsabail chun an méid seo a leanas a áirithiú: cruthú, fáil agus caomhnú nó díchur cuí taifead mar aon le ceadú agus cur ar fáil na dtaifead sin; barántúlacht, iontaofacht, ionracas agus inléiteacht taifead agus na meiteashonraí a ghabhann leo, le himeacht ama; sainaitheint gach taifid mar aon le hasbhaint agus leithdháileadh meiteashonraí, ionas gur féidir é a chomhdú, a chuardach agus a rianú go héasca; forbairt, cothabháil agus nuashonrú struchtúr na gcóras bainistíochta taifead agus cartlann atá ag an gCoimisiún, mar aon leis na stórais leictreonacha agus na stórais le haghaidh na meán analógach atá aige.
- (4) Leis na prionsabail sin tá sé beartaithe saolré thaifid an Choimisiúin a chumhdach, is cuma cén meán ina bhfuil siad, ionas go ndéanfar sonraí, faisnéis agus taifid a chur ar fáil, a mhálartú, a chomhroinnt, a athúsáid agus a scaipeadh i gcomhréir le beartas, socruithe rialachais agus cleachtas an Choimisiúin i leith bainistíocht sonraí agus faisnéise.
- (5) Taifid a bhainistiú agus a chartlannú go héifeachtach cuí, is cuidiú é sin chun oibleagáidí trédhearachta an Choimisiúin a chomhlíonadh, go háirithe rochtain phoiblí ar dhoiciméid a éascú agus prionsabal na cuntasachta i leith gníomhartha poiblí a chur chun feidhme.
- (6) Ba cheart na forálacha maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna a ailíniú leis an oibleagáid rochtain a sholáthar ar dhoiciméid atá i seilbh an Choimisiúin i gcomhréir leis na prionsabail, na socruithe agus na teorainneacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.
- (7) Le Cinneadh 2002/47/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, rinne an Coimisiún leasú ar a Rialacha Nós Imeachta chun forálacha maidir le bainistiú doiciméad a áireamh agus le Cinneadh 2004/563/CE, Euratom ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, rinne sé leasú ar na Rialacha Nós Imeachta chun forálacha maidir le doiciméid leictreonacha agus dhigitithe a chur san áireamh d'fhonn bainistíocht agus cartlannú leictreonach doiciméad a chur ar bun, lena leagtar síos sraith choiteann rialacha agus nósanna imeachta is infheidhme maidir le gach roinn.

<sup>(1)</sup> IO L 43, 15.2.1983, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

<sup>(3)</sup> Cinneadh 2002/47/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2002 lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta (IO L 21, 24.1.2002, lch. 23).

<sup>(4)</sup> Cinneadh 2004/563/CE, Euratom ón gCoimisiún an 7 Iúil 2004 lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta (IO L 251, 27.7.2004, lch. 9).



- (8) Na rialacha lena gcinntear na coinníollacha faoina mbeidh doiciméid leictreonacha, doiciméid dhigitithe agus doiciméid a tharchuirtear go leictreonach bailí agus na coinníollacha faoina stóráiltear na doiciméid sin chun críocha an Choimisiúin, is gá na rialacha sin a thabhairt cothrom le dáta.
- (9) Ba cheart clár um athrú digiteach an Choimisiúin a chur san áireamh sa bheartas maidir le bainistíocht taifead agus cartlannú<sup>(5)</sup>. Dá bhrí sin, ba cheart béim láidir a leagan ar an bprionsabal go gcruthaítear taifid i bhformáid leictreonach, agus san fhormáid sin amháin, cé gur cheart eisceachtaí ón bprionsabal sin a bheith indéanta mar sin féin.
- (10) Spreagtar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais aitheantas a thabhairt do sheirbhísí ríomh-shainaitheantais agus iontaoibhe a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(6)</sup> chun leas a bhaint as comhar riaracháin, go háirithe as dea-chleachtas atá ann cheana agus as torthaí na dtionscadal atá ar bun sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
- (11) Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus forbairtí i dtaighde acadúil agus eolaíoch agus torthaí an taighde sin á gcur san áireamh, lena n-áirítear teacht chun cinn caighdeán ábhartha agus forbairtí sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.
- (12) Ní hamháin go gcláraítear taifid le córas bainistíochta taifead, ach déantar iad a ghabháil ar bhonn níos leithne chun iad a shainaithint go soiléir agus go hiontaoifa, chun a n-inrianaitheacht a áirithiú agus chun iad a chur ar fáil le haghaidh úsáideoirí eile trí chomhdú nó trí mhodhanna eile chun taifid a chomhbhailiú ar feadh a saolré.
- (13) Ba cheart cosaint a dhéanamh ar chórais faisnéise, gréasáin agus saoráidí tarchurtha a úsáidtear le haghaidh chórais taifead an Choimisiúin trí bhearta slándála iomchuí i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme maidir le faisnéis a chosaint.
- (14) Ba cheart sonraí agus faisnéis a bheith ar fáil agus a chomhroinnt chomh forleathan agus is féidir laistigh den Choimisiún chun dlúthchomhar a bhall foirne a éascú mar aon le hin-aisghabhálacht agus athúsáid sonraí agus faisnéise agus chun sineirge a acmhainní a chur chun cinn agus éifeachtúlacht a fheabhsú.
- (15) Cruthaíonn agus coinníonn gach institiúid de chuid an Aontais a cartlanna stairiúla agus osclaíonn sí don phobal iad i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83. Ina theannta sin, glacann gach institiúid rialacha inmheánacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin.
- (16) Faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(7)</sup>, ceanglaítear ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil le haghaidh ábhair sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leo agus a gcearta mar ábhair sonraí a urramú. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta sin agus na cuspóirí maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir leis an dlí um chosaint sonraí.
- (17) Déantar foráil in Airteagal 16(5) agus in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le heisceachtaí ó cheart na n-ábhar sonraí chun faisnéise agus maidir leis an gceart go ndéanfaí sonraí a léirscriosadh i ndáil le sonraí a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Níor cheart feidhm a bheith ag na cearta sin i bprionsabal sa chomhthéacs ar leith a bhaineann le cartlanna stairiúla an Choimisiúin, agus méid na hinstitiúide agus a taifid á gcur san áireamh mar aon le cineál an chartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail. Dá ndéanfaí sonraí pearsanta atá sna taifid sin a léirscriosadh, go háirithe, bhainfí an bonn ó bhailíocht, ó shláine agus ó bharántúlacht chartlanna an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, is dócha go gcuirfeadh sé isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

<sup>(5)</sup> Teachtaireacht chuig an gCoimisiún C(2018) 7118 maidir le Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh. Féach freisin Teachtaireacht C(2016) 6626 ón gCoimisiún, ina leagtar amach treo ginearálta an bheartais inmheánaigh maidir le bainistíocht sonraí, faisnéise agus eolais sa Choimisiún.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (18) D'fhéadfadh sé nach mbeadh an Coimisiún in ann ná go mbeadh air iarracht dhíríreach a dhéanamh faisnéis maidir le próiseáil a chur ar fáil a luaithe a aistreofar a chomhaid agus a thaifid a roghnaíodh le haghaidh buanchoimeád chuig a chartlann stairiúil. Ba cheart na hábhair sonraí a chur ar an eolas go bhféadfar taifid ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta a aistriú chuig cartlanna stairiúla an Choimisiúin ag deireadh na tréimhse coinneála a saináithníodh le haghaidh na dtaifead sin mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725. Cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil i ndáil leis na hoibríochtaí próiseála bunaidh ar bailíodh na sonraí pearsanta ina leith ar dtús.
- (19) Le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725 tugtar an deis don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar na cearta dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 20, 21, 22 agus 23 den Rialachán sin, a mhéid is dócha go bhféadfaid na cearta sin nach bhféadfaí cuspóirí cartlannaithe a bhaint amach ar chor ar bith ar mhaithe le leas an phobail ná go gcuirfí isteach go mór orthu agus is gá maoluithe chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Mura ndéantar foráil maidir le maoluithe i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí, ní mór rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina mbeidh an Coimisiún i dteideal maolú ar na cearta sin.
- (20) D'fhéadfadh iarracht dhíríreach riaracháin a bheith i gceist le rochtain a thabhairt ar shonraí pearsanta i gcás iarraidh ó ábhar sonraí nach gcuireann faisnéis shonrach ar fáil maidir leis an bpróiseáil lena mbaineann an iarraidh nó d'fhéadfadh sé a bheith dodhéanta go praiticiúil, i bhfianaise mhéid agus chineál chartlanna stairiúla an Choimisiúin.
- (21) Dá ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú, bhainfeadh sé an bonn ó shláine agus ó bharántúlacht chartlanna an Choimisiúin agus níorbh fhiú a bheith ag déanamh cartlannú ar mhaithe le leas an phobail. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil sonraí pearsanta míchruinne, a chinneadh ráiteas forlíontach nó nóta anótáilte a chur isteach sa taifead ábhartha.
- (22) Cuid dhílis fhíor-riachtanach de thaifid a roghnaítear lena gcaomhnú go buan is ea iad sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, dá dtabharfaí an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne sonraí pearsanta atá i dtaifid den sórt sin a phróiseáil, ní fhéadfaí na cuspóirí maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a bhaint amach.
- (23) Ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le maoluithe faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725.
- (24) Agus prionsabal na cuntasachta á chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún taifead a choinneáil ar chur i bhfeidhm na maoluithe.
- (25) Chun an chosaint is mó is féidir a thabhairt do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí agus i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir faoi aon srian atá á chur i bhfeidhm faoi chur i bhfeidhm na maoluithe faoin gCinneadh.
- (26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir leis na rialacha sin agus thug sé tuairim uaidh lena mholtaí an 3 Márta 2020.
- (27) Ba cheart na baill foirne uile a bheith freagrach as cruthú agus as ceart-bhainistiú taifead a bhaineann le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhfuil siad freagrach astu,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

#### CAIBIDIL I

#### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### Airteagal 1

#### Ábhar

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) bainistíocht taifead agus chartlainne an Choimisiúin;

- (b) caomhnú chartlanna an Choimisiúin agus oscailt don phobal agus taisceadh chartlanna stairiúla an Choimisiúin i gCartlanna Stairiúla an Aontais Eorpaigh san Institiúid Ollscoile Eorpach (IOE) i bhFlórans.

#### Airteagal 2

### Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le taifid atá i seilbh an Choimisiúin agus lena chartlann, gan beann ar an bhfoirm, ar an meán, ar an aois agus ar an suíomh a bhaineann leo.

Féadfaidh sé feidhm a bheith aige, trí chomhaontú sonrath, maidir le taifid atá i seilbh eintiteas eile atá freagrach as beartais áirithe de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm nó maidir le taifid arna malartú trí líonraí tarchurtha sonraí idir údarais riaracháin agus an Coimisiúin.

#### Airteagal 3

### Sainmhínte

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “taifead” faisnéis, ar faisnéis í a fhaightear agus a chruthaítear i bhfoirm doiciméid <sup>(8)</sup>, bailiúchán sonraí nó foirm eile i meán digiteach nó analógach a ghabhtar i stóras oifigiúil agus a dhéantar a bhainistiú agus a choinneáil mar fhianaise agus mar shócmhainn <sup>(9)</sup>;
- (2) ciallaíonn “meiteashonraí” aon fhaisnéis lena dtugtar tuairisc ar chomhthéacs, inneachar agus struchtúr taifead agus ar a mbainistíocht le himeacht ama chun críocha aisghabhála, inrochtaineachta agus athúsáide, *inter alia*;
- (3) ciallaíonn “digitíú” próiseas arb é atá ann taifead ar páipéar nó ar aon mheán traidisiúnta eile a iompú ina leagan leictreonach;
- (4) ciallaíonn “stóras oifigiúil taifead” córas, ar córas é atá aitheanta agus formheasta ag an Ardrúnaíocht, ina ndéantar taifid atá i seilbh an Choimisiúin a bhailiú, a eagrú agus a chatagóiriú chun aisghabháil, dáileadh, úsáid, diúscairt nó caomhnú taifead a éascú;
- (5) ciallaíonn “gabháil” doiciméad a chur isteach i stóras leictreonach oifigiúil trí aitheantóir uathúil agus meiteashonraí uathúla a chomhcheangal <sup>(10)</sup>;
- (6) ciallaíonn “sainaitheantóir uathúil” seicheamh de dhigití nó de litreacha, nó den dá rud, a rinne measín nó duine a shannadh gan débhrí do thaifead agus lena sainaitheantóir an taifead sin a bheith uathúil agus éagsúil le gach taifead eile;
- (7) ciallaíonn “clárú” taifead a ghabháil i gclár, a shuí go bhfuil sé iomlán agus comhdhéanta mar is ceart ó thaobh an riaracháin agus/nó an dlí de agus a dheimhniú gur sheol údar é chuig seolaí ar dháta áirithe, mar phost isteach nó mar phost amach, nó gur corpraíodh é i gceann de stórais oifigiúla an Choimisiúin;
- (8) ciallaíonn “comhad” comhbhailiúchán taifead a eagraítear i gcomhréir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, ar chúiseanna cruthúnais, údair chuí nó faisnéise agus chun éifeachtúlacht san obair a ráthú; eagraítear an grúpa taifead a bhfuil an comhad comhdhéanta díobh ar bhealach a chruthóidh aonad comhleanúnach ábhartha i dtéarmaí na ngníomhaíochtaí a chuireann an Coimisiúin nó a ranna i gcrích;
- (9) ciallaíonn “plean comhdúcháin” ionstraim a bhfuil struchtúr ordlathach agus loighciúil aici, i bhfoirm struchtúr crainn ag a bhfuil roinnt ceanteidil idirnasctha, lenar féidir comhaid (nó comhbhailiúcháin eile de thaifid) a eagrú ar bhonn intleachtúil agus a nascadh leis an gcomhthéacs inar tarraingíodh suas iad, ar bhonn na bhfeidhmeanna, na ngníomhaíochtaí agus na bpróiseas oibre;
- (10) ciallaíonn “barántúlacht” gur féidir a chruthú gurb éard atá i dtaifead an rud a mhaítear a bheith ann, gurbh é an duine a chruthaigh nó a sheol é an duine a mhaítear a chruthaigh nó a sheol é agus gur cruthaíodh nó gur seoladh é an tráth a mhaítear <sup>(11)</sup>;

<sup>(8)</sup> tuigtear “doiciméad” de réir bhrí Airteagal 3(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

<sup>(9)</sup> ISO 15489-1:2016, pointe 3.14.

<sup>(10)</sup> ISO 15489-1:2016, pointe 9.3.

<sup>(11)</sup> ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.1.

- (11) ciallaíonn “iontaofacht” gur féidir a bheith muiníneach as taifead gur léiriú iomlán agus cruinn é ar na hidirbhearta, ar na gníomhaíochtaí nó ar na fóraí a fhianaítear leis agus gur féidir a bheith ag brath ar an taifead le linn idirbheart nó gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin <sup>(12)</sup>;
- (12) ciallaíonn “sláine” go bhfuil taifead iomlán agus neamhathraithe <sup>(13)</sup>;
- (13) ciallaíonn “bailíocht” go bhfuil ag doiciméad na saintréithe intreacha agus eistreacha uile a cheanglaítear de réir chomhthéacs a tháirgthe, ar saintréithe iad is gá chun glacadh leis gur léiriú de chuid an údair é maille leis na hiarmhairtí dlí go léir a ghabhann leis sin;
- (14) ciallaíonn “inghlacthacht” go bhfuil ag doiciméad na saintréithe intreacha agus eistreacha go léir a cheanglaítear de réir chomhthéacs a fhála, ar saintréithe iad is gá chun glacadh leis gur léiriú ar an údar é maille leis na hiarmhairtí dlí go léir a ghabhann leis sin;
- (15) ciallaíonn “caomhnú” gach próiseas teicniúil agus gach oibríocht theicniúil a fhágann gur féidir taifid a choinneáil le himeacht ama, a sláine agus a mbarántúlacht a choinneáil agus rochtain ar a n-inneachar a ráthú.

## CAIBIDIL II

### BAINISTÍOCHT TAIFEAD

#### *Airteagal 4*

#### **Cruthú**

1. Déanfaidh údar aon fhaisnéise a cruthaítear as an nua an fhaisnéis sin a anailísiú chun an córas leictreonach bainistíochta a chinneadh lena ndéanfar an fhaisnéis a bhainistiú, más rud é go bhfuil sí le gabháil agus an córas stórais oifigiúil ina bhfuil sí le caomhnú.
2. Cruthófar taifid i gcomhréir leis na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach le haghaidh an chineáil ábhartha taifead.
3. Cruthófar taifid an Choimisiúin mar thaifid leictreonacha agus coimeádfar ina stórais leictreonacha oifigiúla iad.

Sna cásanna seo a leanas, áfach, d'fhéadfaí taifid a chruthú i meán éagsúil nó a choinneáil ar bhealach éagsúil:

- (a) i gcás ina gceanglófar amhlaidh le foráil de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta,
- (b) i gcás inar gá meán páipéir mar gheall ar áisiúlacht prótacail,
- (c) i gcás ina gcuirfear bac ar dhigitíú an doiciméid de bharr cúiseanna praiticiúla,
- (d) i gcás ina mbeidh breisluch ann de bharr chaomhnú an doiciméid analógaigh bhunaidh, mar gheall ar a fhoirm nó ar an ábhar as a ndearnadh é nó ar chúiseanna stairiúla.

#### *Airteagal 5*

#### **Digitíú**

1. Déanfar faisnéis i meán analógacha a chruthaigh agus a fuair an Coimisiún a dhigitíú go córasach. Cuirfear na leaganacha leictreonacha sin, nuair a ghabhfar i stóras leictreonach oifigiúil iad, in ionad na ndoiciméad analógach comhfhreagrach, mura gceanglaítear, le foráil de dhlí an Aontais nó de dhlí an Bhallstáit nó an tríú tír lena mbaíneann, síniú lámhscríofa a chur leo.

2. Leagfar amach sna rialacha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 22 na mionsonraí nós imeachta agus teicniúla a bhaineann leis an digitíú, na heisceachtaí is infheidhme agus díchur na dtaifead analógach tar éis a ndigitithe.

<sup>(12)</sup> ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.2.

<sup>(13)</sup> ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.3.

*Airteagal 6***Gabháil**

1. Déanfaidh gach ardstiúrthóireacht nó roinn choibhéiseach athbhreithniú rialta ar na cineálacha faisnéise a cruthaíodh nó a fuarthas le linn a cuid gníomhaíochtaí chun a shainaithint cé na cineálacha atá le gabháil i stóras leictreonach oifigiúil agus, an comhthéacs inar táirgeadh an fhaisnéis sin á chur san áireamh, chun bainistíocht na gcineálacha faisnéise sin a eagrú feadh a saolré.
2. Ní athrófar na taifid a gabhadh. Féadfar iad a bhaint nó leaganacha ina dhiaidh sin a chur ina n-ionad go dtí go ndúnfar an comhad lena mbaineann siad.

*Airteagal 7***Clárú**

1. Clárófar doiciméid más rud é go bhfuil faisnéis thábhachtach iontu nach bhfuil gearrshaolach nó más féidir go mbeidh gníomhaíocht nó obair leantach de chuid an Choimisiúin nó ceann dá chuid ranna ag baint leo.
2. Cuirfear clár ar bun chun aitheantóirí uathúla a ghiniúint do na taifid chláraithe.

Beidh gach clár nasctha le stóras leictreonach amháin nó níos mó. Féadfar eisceachtaí a dhéanamh ar chúiseanna slándála.

*Airteagal 8***Plean comhdúcháin**

I bplean comhdúcháin an Choimisiúin bainfear úsáid as aicmiúchán comhad coiteann i ranna uile an Choimisiúin. Beidh an t-aicmiúchán sin ina chuid de bhainistíocht an Choimisiúin atá bunaithe ar a chuid gníomhaíochtaí.

*Airteagal 9***Próisis agus córais ríomhairithe**

Déanfaidh na hardstiúrthóireachtaí agus na ranna coibhéiseacha a gcuid taifead a choinneáil agus a bhainistiú trí phróisis ríomhairithe agus córais agus struchtúir ríomhairithe ag a bhfuil comhéadain lena n-áirithítear go ndéanfar taifid a stóráil, a rochtain agus a aisghabháil, mura gceanglaítear a mhálairt le foráil de chuid an Choimisiúin.

*Airteagal 10***Éifeachtaí dlíthiúla ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama agus ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe**

1. Beidh ríomhshíniú cáilithe <sup>(14)</sup> ar aon éifeacht dhlíthiúil le síniú lámhscríofa.
2. Maidir le ríomhshéala cáilithe <sup>(15)</sup>, toimhdeofar gur slán na sonraí agus gur beacht tionscnamh na sonraí sin a mbaineann an ríomhshéala cáilithe leo.
3. Maidir le ríomhstampa cáilithe ama <sup>(16)</sup>, toimhdeofar gur cruinn an dáta agus an t-am a léiríonn sé agus gur slán na sonraí lena mbaineann an dáta agus an t-am.

<sup>(14)</sup> tuigtear “ríomhshíniú” de réir bhrí Airteagal 3(10) go (12) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

<sup>(15)</sup> tuigtear “ríomhshéala” de réir bhrí Airteagal 3(25) go (27) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

<sup>(16)</sup> tuigtear “ríomhstampa” de réir bhrí Airteagal 3(33) agus (34) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

4. Maidir le sonraí a sheolfar agus a ghlacfar trí ríomhsheirbhís seachadta chláráithe <sup>(17)</sup> a úsáid, toimhdeofar gur slán na sonraí sin, gurb é an seoltóir sainaitheanta a sheol na sonraí sin agus gurb é an seolaí sainaitheanta a fuair na sonraí sin agus gur cruinn dáta agus am seolta agus fála na sonraí a shonróidh an ríomhsheirbhís seachadta chláráithe.

#### Airteagal 11

### Bailíocht doiciméad agus nósanna imeachta

1. Measfar go gcomhlíonann doiciméad a chruthaíonn nó a fhaigheann an Coimisiún na critéir bhailíochta nó inghlacthachta i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) sainaitheann an duine óna dtagann sé;
- (b) is comhthéacs iontaofa é an comhthéacs ina ndearnadh an doiciméad a thabhairt ar aird agus comhlíonann an doiciméad na coinníollacha lena ráthaítear a shláine;
- (c) comhlíonann an doiciméad na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta is infheidhme;
- (d) i gcás doiciméad leictreonach, cruthaítear an doiciméad ar bhealach a ráthaíonn sláine, iontaofacht agus inúsáidteacht a inneachair agus na meiteashonraí a ghabhann leis.

2. Leagan leictreonach a chruthaigh nó a fuair an Coimisiún, ar leagan é a cruthaíodh trí dhoiciméad analógach a dhigitiú, measfar go gcomhlíonann an leagan sin na critéir bhailíochta nó inghlacthachta i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach gceanglaítear aon síniú le foráil de chuid dhlí an Aontais ná de chuid dhlí an Bhallstáit nó an tríú tír lena mbaineann;
- (b) mar gheall ar a fhormaid, gurb ann do ráthaíochtaí sláine, iontaofachta, marthanachta, inléiteachta le himeacht ama agus éascaíochta rochtana ar an bhfaisnéis atá istigh ann.

I gcás nach gceanglófar doiciméad analógach sínithe, féadfar leagan leictreonach den sórt sin a úsáid le haghaidh aon mhalartú faisnéise agus le haghaidh aon nós imeachta inmheánach laistigh den Choimisiún.

3. I gcás ina gceanglófar le foráil de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta bunchóip shínithe de dhoiciméad, sásóidh doiciméad a tharraing an Coimisiún suas nó a fuair sé an ceanglas sin más rud é go bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas sa doiciméad:

- (a) ríomhshíniú lámhscríofa nó cáilithe amháin nó níos mó,
- (b) ríomhshíniú amháin nó níos mó, seachas ríomhshínithe cáilithe, lena dtugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le sainaitheantú an tsínitheora agus maidir lena thoil a chur in iúl sa doiciméad sínithe.

4. I gcás ina n-éileofar le nós imeachta a bhaineann go sonracha leis an gCoimisiún síniú duine údaráithe nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfar an nós imeachta a bhainistiú le córais ríomhaireachta, ar choinníoll go ndéantar gach duine a shainaitheantú go soiléir agus go cinnte agus go bhfuil ag gabháil leis an gcóras i gceist ráthaíochtaí nach n-athraítear an t-inneachar le linn nós imeachta.

5. I gcás ina mbainfidh nós imeachta leis an gCoimisiún agus le heintitis eile agus go n-éilíonn sé síniú duine údaráithe nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfar an nós imeachta a bhainistiú le córais ríomhaireachta a chomhlíonann coinníollacha agus a bhfuil dearbhuithe teicniúla ag gabháil leo a cinneadh trí chomhaontú comhpháirteach.

<sup>(17)</sup> tuigtear “ríomhsheirbhís seachadta chláráithe” de réir bhrí Airteagal 3(36) agus (37) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

*Airteagal 12***Sonraí agus faisnéis a sholáthar laistigh den Choimisiún**

1. Cuirfear sonraí agus faisnéis ar fáil agus comhroinnfear iad chomh forleathan agus is féidir laistigh den Choimisiún, ach amháin más gá an rochtain a bheith teoranta de bharr oibleagáidí dlíthiúla.
2. Ar mhaithe le comhroinnt faisnéise, áiritheoidh na hardstúirtheoireachtaí agus na ranna coibhéseacha go mbeidh an rochtain ar a gcomhaid chomh forleathan agus is féidir i bhfianaise fogaireacht an inneachair sna comhaid sin.

*Airteagal 13***Slándáil agus cosaint faisnéise**

Déanfar taifid a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha slándála de chuid an Choimisiúin is infheidhme maidir le cosaint faisnéise. Chuige sin, déanfar taifid, comhaid, córais faisnéise agus cartlanna, lena n-áirítear a líonraí agus a modhanna tarchurtha a chosaint trí bhearta iomchuí slándála chun faisnéis rúnaicmithe, faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair agus sonraí pearsanta a bhainistiú <sup>(18)</sup>.

Próiseálfar faisnéis rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir leis an tslándáil.

## CAIBIDIL III

**CAOMHNÚ AGUS CARTLANNA STAIRIÚLA***Airteagal 14***Stóráil agus caomhnú**

1. Déanfar stóráil agus caomhnú faoi na coinníollacha seo a leanas:
  - (a) stórálfar taifid san fhoirm inar cruthaíodh, inar seoladh nó ina bhfuarthas iad nó i bhfoirm ina gcaomhnófar barántúlacht, iontaofacht agus sláine a n-inneachair agus na meiteashonraí a ghabhann leo;
  - (b) ní mór inneachar na dtaifead agus na meiteashonraí ábhartha a bheith inléite ar feadh a dtréimhse stórála ag aon duine atá údaraithe le rochtain a bheith aige orthu;
  - (c) i gcás ina seolfar nó ina bhfaighfear taifid go leictreonach, beidh an fhaisnéis is gá chun tionscnamh nó ceann scríbe an taifid a chinneadh, mar aon le dáta agus am na gabhála nó an chláraithe, mar chuid de na meiteashonraí íosta a bheidh le stóráil;
  - (d) maidir le nósanna imeachta leictreonacha arna mbainistiú ag córais ríomhairí, ní mór faisnéis a bhaineann le céimeanna foirmiúla an nós imeachta a stóráil faoi chúinsí a fhágfaidh go n-áiritheofar gur féidir na céimeanna agus na húdair agus na rannpháirtithe sin a shainaitheint.
2. Áiritheoidh an tArd-Rúnaí cur chun feidhme straitéise maidir leis an gcaomhnú digiteach chun rochtain fhadtéarmach ar ríomhthaifid a áirithiú ar bhonn na liostaí coinneála dá dtagraítear in Airteagal 15(1). Déanfar an straitéis a tharraingt suas i gcomhar le Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla agus áiritheofar léi go bhfuil próisis, uirlisí agus acmhainní i bhfeidhm chun barántúlacht, iontaofacht agus sláine taifead agus a n-inrochtaineacht a áirithiú.

*Airteagal 15***Coinneáil, aistriú agus díchur**

1. Déanfar an tréimhse choinneála le haghaidh na catagóirí éagsúla comhad agus, i gcásanna áirithe, le haghaidh na taifid a lean síos don Choimisiún ina iomláine trí bhithin ionstraimí rialála, amhail an liosta coiteann coinneála, nó trí liosta coinneála sonracha amháin nó níos mó a tarraingíodh suas ar bhonn an chomhthéacs eagrafochtúil, ar bhonn na reachtaíochta atá ann cheana agus oibleagáidí dlíthiúla an Choimisiúin.

<sup>(18)</sup> tuigtear “sonraí pearsanta” de réir bhrí Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Déanfaidh na hardstiúrthóireachtaí agus na ranna coibhéiseacha breithmheas rialta ar na taifid agus ar na comhaid atá á mbainistiú acu chun a mheas an n-aistreofar iad chuig cartlanna stairiúla an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 16 nó an ndéanfar iad a dhíchur.

Mar sin féin, coinneofar tacar meiteashonraí i dtaifid agus i gcomhaid sa stóras leictreonach bunaidh mar fhianaise ar na taifid agus ar na comhaid sin agus mar fhianaise ar a n-aistriú nó ar a ndíchur.

3. Faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a bhfuil an t-aicmiú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde aici, ní dhéanfar í a aistriú chuig Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla.

#### Airteagal 16

### Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla

Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar Sheirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla:

- (a) taifid, comhaid agus cartlanna an Choimisiúin a aistríodh chuig na Cartlanna, rochtain orthu sin a ráthú agus a mbarántúlacht, a n-iontaofacht agus a sláine a ráthú chomh maith;
- (b) cosaint ábhartha agus sláine mheiteashonraí na dtaifead agus na gcomhad a sholáthraíonn na ranna aistrithe a áirithiú;
- (c) taifid agus comhaid a chur ar fáil do na hardstiúrthóireachtaí nó do na ranna coibhéiseacha arna n-iarraidh sin;
- (d) an dara hathbhreithniú a dhéanamh ar gach taifead, comhad agus cartlanna arna n-aistriú, i gcás inar gá agus i gcomhar leis an ardstiúrthóireacht tionscnaimh nó le roinn choibhéiseach nó lena comharba;
- (e) an scaoileadh ó rúnaicmiú a thionscnamh i dtaca le doiciméad rúnaicmithe, dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 5 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 354/1983 ón gComhairle;
- (f) cartlanna stairiúla an Choimisiúin a oscailt don phobal nuair atá tréimhse 30 bliana istigh, seachas na taifid sin a chumhdaítear le heisceachtaí a bhaineann le príobháideacht agus sláine daoine aonair, nó leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil;
- (g) cartlanna stairiúla an Choimisiúin a osclaíodh don phobal a thaisceadh i gCartlanna Stairiúla an Aontais Eorpaigh in IOE.

#### Airteagal 17

### Próiseáil sonraí pearsanta atá i gcartlanna stairiúla an Choimisiúin

1. Na maoluithe seo a leanas ar na cearta atá ag ábhair sonraí, beidh feidhm acu i gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725, de réir mar is gá chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus chun sláine chartlann stairiúla an Choimisiúin a chaomhnú, go háirithe:

- (a) an ceart rochtana <sup>(19)</sup>, a mhéid nach féidir, leis an iarraidh ón ábhar sonraí, taifid shonracha a shainaitheant gan iarracht riaracháin dhíreireach. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá le déanamh maidir leis an iarraidh ón ábhar sonraí agus maidir leis an iarracht riaracháin is gá, tabharfar aird ar leith ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an ábhar sonraí agus ar chineál, scóip agus méid na dtaifead a d'fhéadfadh a bheith i gceist;
- (b) an ceart go ndéanfaí ceartúcháin <sup>(20)</sup>, a mhéid a fhágann an ceartúchán go bhfuil sé dodhéanta sláine agus barántúlacht a chaomhnú i leith taifid a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla an Choimisiúin, gan dochar don fhéidearthacht ráiteas forlíontach nó anótáil a chur leis an taifead lena mbaineann, mura rud é go bhfuil sé dodhéanta nó más rud é go mbeadh iarracht dhíreireach ag baint leis;

<sup>(19)</sup> Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725.

<sup>(20)</sup> Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725.



- (c) an oibleagáid fógra a thabhairt faoi cheartú nó faoi léirsciosadh sonraí pearsanta <sup>(21)</sup> a mhéid atá sé dodhéanta nó atá iarracht dhíríreach ag baint leis;
- (d) an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála <sup>(22)</sup>, a mhéid atá na sonraí pearsanta i dtaifid a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla an Choimisiúin mar chuid dhílis agus riachtanach de na taifid sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún coimircí leordhóthanacha chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 á chomhlíonadh. Ar na coimircí sin áireofar bearta teicniúla agus eagraíochtúla, go háirithe, chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslghdaithe sonraí a urramú. Beidh an méid seo a leanas sna coimircí:

- (a) roghnófar na comhaid a bheidh le haistriú chuig cartlanna stairiúla an Choimisiúin tar éis measúnú cás ar chás de réir liostaí coinneála an Choimisiúin. Déanfar na comhaid eile uile, lena n-áirítear comhaid struchtúrtha sonraí pearsanta, amhail comhaid phearsanta agus comhaid leighis, a dhíchur ag deireadh na tréimhse coinneála riaracháin;
- (b) déanfar foráil sna liostaí coinneála maidir le díchur riaracháin a dhéanamh ar chineálacha áirithe taifead roimh dheireadh na tréimhse coinneála riaracháin. Dá bhrí sin, ní dhéanfar na cineálacha sin taifead a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;
- (c) roimh an bpróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, tuairisceoidh an ardstiúrthóireacht nó an roinn choibhéseach aon taifid atá sna comhaid atá le haistriú chuig cartlanna stairiúla an Choimisiúin a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe le hAirteagal 2(1) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83;
- (d) sula n-osclofar aon chomhad de chuid an Choimisiúin don phobal, athbhreithneoidh Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla é chun a fhíorú an bhfuil aon taifead ann a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe leis na heisceachtaí a shonraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, lena n-áirítear ar bhonn na comharthaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'fhonn sonraí pearsanta a chosaint.

3. Déanfaidh an Coimisiún taifeadadh ar na cúiseanna atá leis na maoluithe a chuirfeadh i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo. Déanfar an taifead agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid a bhaineann leis an gcomhthéacs fíorasach nó dlíthiúil a chhlárú. Cuirfeadh ar fáil iad don Mhaoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí arna n-iarraidh sin.

4. Cuirfeadh Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi chur i bhfeidhm maoluithe ar chearta an ábhair sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Arna iarraidh sin, tabharfar rochtain don Oifigeach Cosanta Sonraí ar na taifid lena mbaineann agus ar aon doiciméad ina leagtar amach an comhthéacs fíorasach nó dlíthiúil.

#### *Airteagal 18*

### **Cartlanna stairiúla an Choimisiúin a thaisceadh in IOE**

1. Tabharfaidh Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla rochtain do IOE, i gcás inar féidir, ar chóipeanna digitithe de thaifid atá ar coinneáil i meán analógach.
2. Beidh IOE ar an bpríomhphointe rochtana ar chartlanna stairiúla an Choimisiúin atá oscailte don phobal.
3. Seolfaidh Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla tuairiscí chuig IOE ar na cartlanna arna taisceadh. I gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta agus chun malartú meiteashonraí a éascú, cuirfidh an Coimisiún an idir-inoibritheacht chun cinn idir a chórais chartlainne agus córais chartlainne IOE.

<sup>(21)</sup> Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1725.

<sup>(22)</sup> Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Gníomhaíonn IOE ina phróiseálaí <sup>(23)</sup> i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi threoracha ón gCoimisiún arb é an rialaitheoir <sup>(24)</sup> é ar shonraí pearsanta atá ina chartlann stairiúil, arna taisceadh in IOE. Cuireann Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla, thar ceann an Choimisiúin, na treoracha riachtanacha ar fáil chun sonraí pearsanta atá sna cartlann arna dtaisceadh ag an gCoimisiún a phróiseáil agus déanann sé faireachán ar a feidhmíocht.
5. Ní thaiscfear faisnéis rúnaicmithe in IOE.

#### CAIBIDIL IV

### RIALACHAS AGUS CUR CHUN FEIDHME

#### *Airteagal 19*

#### **Rialachas ar leibhéal an Choimisiúin**

1. Cuirfidh gach ardstiúrthóir nó ceann roinne an struchtúr eagraíochtúil, riaracháin agus fisiceach atá riachtanach i bhfeidhm agus cuirfidh sé na baill foirne a bheidh ag teastáil ar fáil chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme agus go mbeidh na rialacha cur chun feidhme á gcur chun feidhme ag a gcuid rann.
2. Beidh an Ardrúnaíocht freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme i bhfeidhm.
3. Beidh Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta freagrach as an mbonneagar teicneolaíoch a chur ar fáil chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

#### *Airteagal 20*

#### **Líonra oifigeach bainistíochta doiciméad**

1. Ainmneoidh gach ardstiúrthóir nó gach ceann roinne oifigeach bainistíochta doiciméad chun córas bainistíochta taifead atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a choinneáil ar bun ina roinn féin agus chun comhordú a áirithiú laistigh dá roinn, leis an Ardrúnaíocht agus le ranna eile de chuid an Choimisiúin.
2. Is é an méid seo a leanas a bheidh i gceist le ról líonra na n-oifigeach bainistíochta doiciméad, faoi chathaoirleacht na hArd-Rúnaíochta:
  - (a) a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach laistigh de na hardstiúrthóireachtaí agus de na ranna coibhéiseacha;
  - (b) déileáil le haon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar a cur i bhfeidhm,
  - (c) riachtanais na hardstiúrthóireachtaí agus na ranna coibhéiseacha a chomhroinnt maidir le bearta oiliúna agus tacaíochta.

#### *Airteagal 21*

#### **Faisnéis, oiliúint agus tacaíocht**

Déanfaidh an Ardrúnaíocht, i ndlúthchomhar le hArd-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta, leis an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándaíl agus le Seirbhís an Choimisiúin um Chartlanna Stairiúla, na bearta faisnéise, oiliúna agus tacaíochta a chur i bhfeidhm is gá chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo laistigh den Ard-Stiúrthóireacht agus de na ranna coibhéiseacha a áirithiú.

<sup>(23)</sup> tuigtear “próiseálaí” de réir bhrí Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2018/1725.

<sup>(24)</sup> tuigtear “rialaitheoir” de réir bhrí Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725.

*Airteagal 22***Rialacha cur chun feidhme**

Déanfaidh an tArd-Rúnaí na rialacha cur chun feidhme a tharraingt suas i gcomhar leis na hardstiúrthóireachtaí agus leis na ranna coibhéiseacha agus áiritheoidh sé cur chun feidhme na rialacha sin.

Déanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus aird á tabhairt go háirithe ar an méid seo a leanas:

- (a) forbairtí maidir le bainistíocht taifead agus cartlann agus torthaí taighde acadúil agus eolaíoch, lena n-áirítear caighdeáin ábhartha atá ag teacht chun cinn;
- (b) forbairtí i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;
- (c) na rialacha is infheidhme maidir le luach fianaiseach taifead leictreonach;
- (d) oibleagáidí an Choimisiúin maidir le trédhearcacht, rochtain an phobail ar dhoiciméid agus oscailt na gcartlann don phobal;
- (e) aon oibleagáid nua a d'fhéadfadh a bheith ina ceangal ar an gCoimisiún;
- (f) comhchuibhiú i gcur i láthair na dtaifead arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún agus ag a gcuid rann.

*Airteagal 23***Foráil chríochnaitheach**

Níl éifeacht ag Cinneadh 2002/47/CE, CEEG, Euratom ná ag Cinneadh 2004/563/CE, Euratom a thuilleadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Iúil 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 209 an 14 Meitheamh 2021)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 14 Meitheamh 2021)

1. An teideal ar Leathanach na n-Ábhar agus an teideal ar leathanach 1:

*in ionad:* “Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle”,

*léitear:* “Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle”.

2. Ar leathanach 32, Airteagal 25(2), pointe (c):

*in ionad:* “(c) bearta cúnaimh eisceachtúil dá dtagraítear in Airteagal 23(4) nach mó ná EUR 20 000 000 an cistiú ón Aontas lena n-aghaidh;”,

*léitear:* “(c) bearta cúnaimh eisceachtúil dá dtagraítear in Airteagal 23(6) nach mó ná EUR 20 000 000 an cistiú ón Aontas lena n-aghaidh;”.

3. Ar leathanach 46, Airteagal 38, mír 8, an chéad abairt:

*in ionad:* “8. I gcomhréir le hAirteagal 41(4) agus (5), agus Airteagail 241 agus 250 den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid bhord straitéiseach CEFI+, na mbord oibríochtúil réigiúnacha, Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ionstraimí airgeadais, ar ráthaíochtaí buiséadacha, lena n-áirítear iad siúd arna gcur chun feidhme ag BEI, agus ar chúnamh airgeadais.”.

*léitear:* “8. I gcomhréir le hAirteagal 41(4) agus (5) den Rialachán seo agus Airteagail 241 agus 250 den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid bhord straitéiseach CEFI+, na mbord oibríochtúil réigiúnach, Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ionstraimí airgeadais, ar ráthaíochtaí buiséadacha, lena n-áirítear iad siúd arna gcur chun feidhme ag BEI, agus ar chúnamh airgeadais.”.



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)